

Clár

Réamhrá	5
Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir	7
1. Cúlra	9
Mar a Ullmhaíodh an Straitéis	9
Forbhreathnú	10
Cur chun feidhme	11
2. Spriocanna Ardleibhéil	13
Sprioc 1 – Cáilíocht agus tráthúlacht ár staitisticí a fheabhsú go leanúnach	13
Sprioc 2 – Gur mó mar a bheidh an pobal ar an eolas faoinár staitisticí agus go mbainfear úsáid éifeachtach as ár staitisticí	14
Sprioc 3 – Riachtanais maidir le sonraí a bhailiú a chothromú leis an ualach ar sholáthraithe sonraí	15
Sprioc 4 – Cumas ár nOifige a fhorbairt go leanúnach	16
Sprioc 5 – Forbairt chóras staitistiúil na hÉireann a thabhairt chun cinn	18
3. Ár gCláir Staidrimh	21
Staitisticí Maicreacnamaíocha	21
Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta	25
Staitisticí Gnó	31
4. Ár gCláir Tacaíochta Eagrúcháin	39
Riarachán agus Airgeadas	39
Acmhainní Daonna	43
Faisnéisíocht agus Modheolaíocht	48

Aguisíní

Monatóir ar Tháscairí Feighmíochta Buntábhachtacha (TFBeanna)	55
Acmhainní Foirne, Socruithe maidir le hObair a Roinnt agus Comhionannas Inscne	65
Acmhainní Airgeadais	67
Íocaíochtaí Prasa Cuntas	69
Cláir Ghnó Áitiúla (CGÁeanna) le haghaidh 2007	71
Gluais	73

Réamhrá

Cuirim fáilte roimhe seo, an tríú tuarascáil agus an tuarascáil deiridh ar Dhul Chun Cinn maidir le Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh 2004-2006. Leagadh targaidí dúshlánacha amach sa Straitéis le misean na Príomh-Oifige Staidrimh a thabhairt ar aghaidh ó thaobh staitisticí a sholáthar d'Éirinn na linne seo. Léirítear sa Tuarascáil seo a mhéad is a d'éirigh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh an misean sin a chomhlíonadh agus a thabhairt ar aghaidh.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh, le tacaíocht an Bhoird Náisiúnta Staidrimh, ag leanúint ar aghaidh le raon na faisnéise a sholáthraíonn sé a leathnú agus le feabhas a chur ar a thráthúla is a chuirtear an fhaisnéis sin ar fáil. Tá láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh an-tarraingteach agus leanann sé ar aghaidh á fhágáil éasca ag réim leathan den daonra teacht ar fhaisnéis bhuntábhachtach. Tá an ghné Siondacaítiú Fíorshimplí (SFS) ina shampla dá fócas ar a bheith ag comhlíonadh riachtanas úsáideoirí indibhidiúla.

Is é an t-eolas agus faisnéis mhaith na hionchuir atá buntábhachtach le go bhforbrófar polasaithe maithe. Éascaíonn foilseacháin de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh, lena mbaineann stíl nua, amhail “*Forás na hÉireann faoi Mheas*” agus “*Mná agus Fir in Éirinn, 2006*” agus “*Ag Dul in Aois in Éirinn 2007*” go mór leis an díospóireacht maidir le polasaithe. Táim ag súil go mór le tuarascálacha téamacha nua atá le foilsiú amach anseo maidir le saincheisteanna sóisialta.

Is é an tionscadal is mó dá dtugann an Phríomh-oifig Staidrimh faoi ná an Daonáireamh. Éacht mór arís ab ea daonáireamh 2006 a chur i gcrích go rathúil agus ba bhinn linn a ghasa is a foilsíodh torthaí an daonáirimh, ar pháipéar agus ar-líne.

Rud a ndírítear go lárnach air sa Rialtas ná seirbhísí poiblí ardcháilíochta a sholáthar don tsochaí ar bhealach a bheidh chomh cost-éifeachtach agus is féidir. Leanann an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh, sa Tuarascáil seo ar Dhul Chun Cinn, lena hiarracht le caiteachais a nascadh lena cuid aschur go trédhearcach agus ar bhealach níos díri.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar gach leibhéal laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh as a ndíograis leanúnach d’obair na hOifige. Tá seirbhís staitistiúil neamhchlaonta, neamhspleách láidir de dhíth orainn ar fad chun freastal ar riachtanais ár sochaí dinimiciúla. Tá a fhios agam go leanfaidh an Phríomhoifig Staidrimh ar aghaidh le bheith ag freastal ar na riachtanais sin agus go bhfuil go leor targaidí dúshlánacha amach romhainn aitheanta aici. Molaim an Phríomhoifig Staidrimh faoina straitéis 2004-2006 a chur i gcrích agus táim ag súil go mór leis an dul chun cinn bhreise atá pleanáilte don chéad trí bliana eile.



Tomás Ó Cait

Tomás Ó Cait T.D.

Aire Stáit

Aibreán 2008

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Is é seo an tríú tuarascáil agus an tuarascáil deiridh ar mar atáthar ag cur Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh le haghaidh 2004-2006 chun feidhme. Déantar achoimre ar dhul chun cinn i leith na dTáscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha ar fad a leagadh síos sa Straitéis in Aguisín 1. Léiríonn sé seo go bhfuil dul chun cinn iontach déanta ag foireann agus ag bainistíocht na hOifige i gcaitheamh na dtrí bliana leis na diantargaidí fíordhúshlánacha a chur chun feidhme. Comhlíonadh breis is 90% de thargaidí a bhí ar chumas na hOifige agus, as a measc seo, baineadh breis is dhá cheann as gach trí cinn amach de réir an sceidil nó roimh an am a socraíodh sa sceideal.

Is é an Daonáireamh an tionscadal is mó agus is dúshlánaí dá dtugann an Oifig faoi agus bíonn díograis agus ionchur ollmhór ag teastáil ar gach ócáid lena aghaidh. Éacht mór arís eile ab ea obair allamuigh dhaonáireamh 2006 a chur i gcrích go rathúil i mí Aibreáin/na Bealtaine 2006, go háirithe nuair a thógtar an méadú atá ag teacht ar na dúshláin a bhíonn roimh na háiritheoirí lena gcuid oibre a chur i gcrích. Próiseáladh an daonáireamh agus an teicneolaíocht scanacháin agus aitheanta á húsáid agus, den chéad uair riamh, cuireadh an chéim seo den oibríocht i gcrích laistigh de bhliain an fhéilire. Dar bharr sin, cuireadh clár dúshlánach na bhfoilseachán chun feidhme go bríomhar i gcaitheamh na bliana anuraidh le roinnt míonna anuas agus is údar áthais dom a thabhairt faoi deara gur foilsíodh tacar iomlán na dtorthaí foilsithe de réir an spriocama roimh dheireadh 2007. Tá na torthaí ar fad á gcur ar fáil, i bhformáid sho-úsáide, ar ár láithreán gréasáin www.cso.ie.

Is iad an teicneolaíocht agus faisnéis mhaith na nithe buntábhachtacha a stiúrann cúrsaí sa treo go mbainfear bisigh amach ó thaobh na táirgiúlachta agus na héifeachtúlachta laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh. Tugadh an tionscadal, maidir leis an gClár Straitéiseach um Teicneolaíocht Faisnéise a Chur Chun Feidhme (CSTFCCF), ar aghaidh cuid mhór i

gcaitheamh chúrsa an phlean seo, agus tá nua-chóiriú thimpeallacht Teicneolaíochta Faisnéise na hOifige ina chuspóir lárnach de. Tá an tionscadal bord ar bord leis an sceideal go gcuirfear i gcrích go rathúil é go luath in 2008.

Tá dul chun cinn substaintiúil déanta le Ranna eile freisin maidir le hacmhainneacht na dtaifead riaracháin a fhorbairt mar fhoinsé staitisticí, ar aon dul le fíis lárnach “Straitéis don Staidreamh 2003-2008” an Bhoird Náisiúnta Staidrimh. Leanfar ar aghaidh le bheith ag leanúint leis seo amach anseo, agus an Phríomh-Oifig Staidrimh ag imirt róil chomhordúcháin lárnaigh láidir le treoir a sholáthar don chóras poiblí ar fad maidir le ceisteanna gairmiúla ó thaobh staitisticí.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann uile na Príomh-Oifige Staidrimh as a n-ionchur lenár straitéis a chur chun feidhme. Maidir leis seo, tá an t-aiseolas dearfach ó Ghrúpa Fíorúcháin Fheidhmíochta na Státseirbhíse, faoi fhorbairtí trasna na hOifige, ina údar mór spreagaidh.

Táim muiníneach go leanfaimid ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh, a thiocfaidh leis na luachanna croílárnacha atá mar bhonn is mar thaca ag fealsúnacht, cultúr agus gnó na hOifige, agus go leanfaimid ar aghaidh le feabhas a chur ar an mbealach a sholáthraímid na staitisticí a bhíonn de dhíth ar shochaí atá ag athrú.



Gearóid Ó hAnluainn

Ard-Stiúrthóir

Aibreánn 2008

Caibidil 1: Cúlra

1.1 Mar a Ullmhaíodh an Straitéis

Ullmhaíodh *Ráiteas Straitéise 2004-2006* na Príomh-Oifige Staidrimh i rith 2004 faoi chuimsiú chreat an Tionscnaimh Bhainistíochta Straitéisí (TBS). Leagadh amach treo straitéiseach na Príomh-Oifige Staidrimh ann le haghaidh na tréimhse 2004 go dtí 2006, ag soláthar treorach soiléire dár mbainistíocht, dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara seachtracha maidir lenár spriocanna corporáideacha agus ár gcuspóirí ó thaobh gnó.

Tógann an Phríomh-Oifig Staidrimh cur chuige uilechuimsitheach i leith na pleanála, ag tabhairt na foirne ar gach leibhéal isteach, agus bhí an straitéis pléite agus comhaontaithe ag an gCoiste Comhpháirtíochta. Is féidir na sochair a bhaineann le bheith ag obair in éineacht le chéile a fheiceáil feadh raoin leathain d'fhorbairtí staitistiúla nua agus toisc go bhfuil seirbhísí feabhsaithe á seachadadh do chustaiméirí, go háirithe tríd ár láithreán gréasáin www.cso.ie. Ní éireodh leis an straitéis go leanúnach gan chomhoibriú agus rannpháirtíocht ár bhfoirne ar fad.

Tugtar aird ar leith inár ráiteas straitéise ar “*Straitéis don Staidreamh 2003-2008*” an Bhoird Náisiúnta Staidrimh (BNS). Foilsíodh seo i mí Iúil 2003 agus leagadh fíis amach ann le staitisticí oifigiúla a fhorbairt in Éirinn, le béim ar pholasaithe a dhéanamh bunaithe ar fhianaise agus ar acmhainneacht staitistiúil na dtaifead riaracháin (ASTR) a thabhairt chun cinn go bhfreastalóidh an Oifig ar riachtanais faisnéise a custaiméirí ar fad go héifeachtach i dtimpeallacht eacnamaíochta agus sóisialta atá ag athrú.

1.2 Forbhreathnú

Tá an Oifig faoi ghealltanais le ráiteas misin na Príomh-Oifige Staidrimh:

“Staitisticí d’Éirinn na linne seo”

“faisnéis ardcháilíochta, a bhíonn de dhíth ar shochaí atá ag athrú, a sholáthar go héifeachtúil tráthúil”

Tá sé seo bunaithe ar ár luachanna gairmiúla agus ó thaobh gnó:

- *gairmiúlacht, neamhspleáchas agus iomláine na staitisticí*
- *sársheirbhís do chustaiméirí*
- *meas ar ár soláthraithe sonraí*
- *forbairt na foirne ar fad agus dea-chleachtas bainistíochta*
- *luach ar airgead a sholáthar*

Tugadh cúig sprioc ardleibhéil chun grinnis leis an Straitéis:

- *Cáilíocht agus tráthúlacht ár staitisticí a fheabhsú go leanúnach*
- *Gur mó mar a bheidh an pobal ar an eolas faoinár staitisticí agus go mbainfear úsáid éifeachtach as ár staitisticí*
- *Riachtanais maidir le sonraí a bhailiú, a chothromú leis an ualach ar sholáthraithe sonraí*
- *Cumas ár nOifige a fhorbairt go leanúnach*
- *Forbairt chóras staitistiúil na hÉireann a thabhairt chun cinn*

Déanann na spriocanna seo bunús ár gcláir thacaíochta le haghaidh staitisticí agus na heagraíochta.

1.3 Cur chun feidhme

Cuirtear an Straitéis chun feidhme trí Chláir Ghníomhaíochta Rannánacha (CGRanna), a ullmhaítear go bliantúil agus a chlúdaíonn na príomhchuspóirí atá le baint amach ag gach Rannán. Déanann an Stiúrthóireacht athbhreithniú ar na CGRanna faoi dhó gach bliain lena chinntiú go mbaineann siad le cuspóirí na hOifige i gcónaí agus le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Soláthraítear aiseolas ó athbhreithnithe na Stiúrthóireachta don fhoireann agus don Choiste Comhpháirtíochta.

Ullmhaítear Chláir Ghnó Áitiúla (CGÁeanna)¹ go bliantúil freisin. Bíonn siad bunaithe ar na cuspóirí sna CGRanna agus clúdaíonn siad na gníomhaíochtaí ar fad i gceantair áitiúla, lena n-áirítear obair leanúnach agus forbairtí nua. Déanann na CGÁeanna dúshraith na bhFoirmeacha um Phróifíl Róil de chuid an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Feidhmíochta (CBFF) do bhaill aonair den fhoireann.

Mheasúnaigh an Stiúrthóireacht mar a bhí CGRanna 2006 agus na tograí le haghaidh 2007 á gcur chun feidhme i rith mhí Eanáir 2007. Déantar achoimre ar thoradh an phróisis seo i leith *Ráiteas Straitéise 2004-2006* sa tuarascáil seo.

¹ Tá na CGÁeanna le haghaidh 2006 liostaithe in Aguisín 5.

Caibidil 2: Spriocanna Ardleibhéil

2.1 Sprioc 1 – Cáilíocht agus tráthúlacht ár staitisticí a fheabhsú go leanúnach

Bíonn cáilíocht ár staitisticí faoi athbhreithniú go leanúnach, idir go himmheánach mar chuid dár n-oibriúcháin leanúnacha agus go seachtrach, ag ár lucht úsáide, a bhfuil tráchtairí eacnamaíochta, taighdeoirí, Oifig Staidrimh an AE (*Eurostat*), agus Banc Ceannais na hEorpa (ECB) san áireamh leo.

Leanamar ar aghaidh le cáilíocht, raon agus mionsonraí ár staitisticí, maidir le Cuntais Náisiúnta agus Comhardú na nÍocaíochtaí, a fheabhsú mar chuid de chlár leanúnach. Cuireadh cláir chomhardaithe airgeadais le haghaidh earnálacha na n-institiúidí den gheilleagar san áireamh den chéad uair sa tuarascáil Náisiúnta um Ioncam agus Chaiteachas in 2006 agus eisíodh eisiúint nua lenar tugadh mionsonraí breise ar easpórtálacha agus iompórtálacha Seirbhíse i mí na Bealtaine.

Bhí dul chun cinn maith ann freisin ó thaobh sonraí staitisticí nua a fhorbairt faoi chúrsaí gnó. Tugadh an suirbhé ráithiúil nua, ar thuilleamh, uaireanta agus ar chostais fhostaíochta (STUCF), isteach i mí Dheireadh Fómhair 2005. Tá an suirbhé ag clúdach na n-earnálacha tionscail agus airgeadais ar dtús, ag dul in ionad na suirbhéanna a bhí ann cheana féin sna hearnálacha seo. Tá obair ag leanúint ar aghaidh i ndáil le staitisticí nua bliantúla ar chistí pinsean, agus beidh sé ag brath ar fhaisnéis an chláir a bheith ar fáil ón mBord Pinsean cibé an dtáirgfear na sonraí seo, faoi mar a cheanglaíonn rialacháin an AE orainn a dhéanamh.¹ Soláthraíodh staitisticí míosúla agus ráithiúla níos mionsonraithe ar

¹ Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Uimh 2056/2002 maidir le Rialáil Struchtúrach Staitisticí Gnó

an turasóireacht in 2005 agus 2007 agus tugadh táscairí gearrthéarmacha nua isteach i mí Lúnasa 2007 maidir le treochtaí san earnáil fhoirgníochta¹. Seoladh ollfhoilseachán nua faoi Staitisticí Iompair (lena gclúdaítear gach modh iompair) ag deireadh 2007.

Maidir le Staitisticí Sóisialta, tá a sheasamh daingnithe go maith anois ag Suirbhé bliantúil an AE ar Ioncam agus Dhálaí Maireachtála (*EU-SILC*), ar cuireadh tús leis in 2003, mar an phríomhfhoinsé sonraí maidir le hioncam teaghlaigh, an bhochtaineacht agus an cuimsiú sóisialta. Foilsíodh na sonraí ba dhéanaí i leith 2006 de réir a spriocama i mí na Samhna 2007. Lena chois sin, tá an Rannán nua um Staitisticí Coireachta, a bunaíodh in 2004, ag leanúint ar aghaidh le bheith ag obair i gcomhar leis na Gardaí le staitisticí coireachta a fhorbairt.

Tá feabhsúcháin shuntasacha bainte amach maidir le tráthúlacht Staitisticí na gCuntas Náisiúnta, faoi Dhíospóidí Tionscail agus faoi Thuilleamh agus Fhostaíocht Tógála. Foilsítear na Cuntais Náisiúnta Ráithiúla trí mhí tar éis na ráithe lena mbaineann siad anois faoi mar a dhéantar le sonraí ar thuilleamh agus cheadanna pleanála san earnáil fhoirgníochta. Tá feabhsú dhá sheachtain tagtha ar a thráthúla is a fhoilsítear an eisiúint faoi Thuilleamh na hEarnála Tógála.

2.2 Sprioc 2 – Gur mó mar a bheidh an pobal ar an eolas faoinár staitisticí agus go mbainfear úsáid éifeachtach as ár staitisticí

Bíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh agus iad siúd is mó a bhaineann úsáid as a cuid seirbhísí i dteagmháil lena chéile go leanúnach. Reáchtáileadh suirbhé ar úsáideoirí in 2006 agus bainfimid úsáid as an aiseolas as seo chun leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar ár n-ardchaighdeán seirbhíse. Reáchtáiltear Preasagallaimh leis na staitisticí is tábhachtaí a eisiúint (m.sh. Cuntais Náisiúnta agus staitisticí faoin margadh saothair). Soláthraítear ainmneacha teagmhála i ngach Eisiúint Staitisticí agus Preasráiteas dóibh siúd a bhfuil tuilleadh faisnéise agus mínithe ag teastáil uathu.

Bhí an Phríomh-Oifig Staidrimh ag idirghníomhú go han-ghníomhach ó 2003 le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, ó thaobh a bheith ag leanúint le “*Straitéis don Staidreamh 2003-2008*” an Bhoird Náisiúnta Staidrimh (BNS). Cuirtear sásraí, le dul i gcomhairle le húsáideoirí, chun éifeachta trí Ghrúpaí Idirchaidrimh foirmiúla i roinnt réimsí staitisticí. Tugann grúpaí saineolaithe comhairle don Oifig lena chois sin ar na modúil shóisialta (an choireacht, tithíocht, srl.) sa Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil (SNTR) agus maidir le suirbhéanna staitistiúla sonracha amhail an Daonáireamh agus an Suirbhé Náisiúnta Míchumais. Tá buanchoistí comhairleacha ann le roinnt comhlachtaí poiblí. Is féidir

¹ Innéacs Táirgeachta san Earnáil Tógála agus Foirgníochta

teacht ar mhionsonraí i dTuarascáil an Bhoird Náisiúnta Staidrimh ar Dhul Chun Cinn 2003-2005. Glacann ionadaithe na Príomh-Oifige Staidrimh páirt i raon leathan de choistí, mheithleacha agus thascfórsaí idirnáisiúnta eile agus de chuid an AE freisin.

Seoladh leagan nua de láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh, www.cso.ie, i mí Feabhra 2005. Tá an láithreán nua so-úsáidte agus comhlíonann sé treoirlínte maidir lena inrochtana is atá láithreáin ghréasáin le bheith. Gné nua shuntasach ná an bunachar sonraí lena gcraobhscaoiltear staitisticí ar-líne agus lena dtugtar bealach so-úsáidte do dhaoine le teacht ar tháblaí saindeartha as measc raon leathan de staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh. Táimid ag leanúint ar aghaidh leis na seirbhísí atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin a leathnú agus a fheabhsú.

2.3 Sprioc 3 – Riachtanais maidir le sonraí a bhailiú, a chothromú leis an ualach ar sholáthraithe sonraí

Is eol go maith don Phríomh-Oifig Staidrimh cén t-ualach a leagann sé ar a cuid freagróirí, go háirithe gnónna atá níos lú, ó thaobh na sonraí a éilíonn an Oifig uathu. Bíonn an t-ualach ar ghnónna, ó thaobh staitisticí a thuairisciú, réasúnta beag le fírinne i gcomhthéacs líon foriomlán na faisnéise a bhíonn á éileamh ag comhlachtaí poiblí (Tuairisceáin chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, CBL, ÍMAT, ÁSPC, Cáin Chorparáide, Custam, srl.) ach tarraingíonn an Oifig cáineadh nach beag toisc go mbíonn an fhaisnéis a theastaíonn sách casta go minic agus nach mór iarracht speisialta a dhéanamh leis an bhfaisnéis sin a tharraingt amach as cuntais srl.

Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh go leor beart chun ualach na tuairisceoireachta a laghdú:

- Ní bhaintear úsáid as fiosrúcháin reachtúla ach amháin le haghaidh na nDaonáireamh nó nuair a bhíonn ardleibhéal freagartha bunriachtanach
- Glactar leis na meastacháin is fearr is féidir le freagróirí a dhéanamh mura mbíonn figiúirí beachta ar fáil go héasca
- Gach cás gur féidir, bíonn fiosrúcháin bunaithe ar shamplaí, ionas nach mbíonn ar go leor gnónna na fiosrúcháin sin a fhreagairt
- Baintear úsáid as tairsigh tuairisceoireachta (m.sh. fiontair a fhostaíonn breis is deichniúr) i gcuid mhaith fiosrúchán, rud a fhágann nach mbíonn ar fhiontair bheaga sonraí a thuairisciú
- Fostaítear ionadaithe allamuigh chun cabhrú le gnónna tuairisceáin a chur i gcrích

Mar iarracht le hualach na tuairisceoireachta ar Fhiontair Bheaga is ar Mheánmhéide (FBMeanna) a laghdú, rinneadh an Phríomh-Oifig Staidrimh tairiscint roimhe seo le cuntais bhainistíochta mhíosúla a ghlacadh ó FBMeanna in ionad na dtuairisceán míosúil maidir le táirgeacht agus láimhdeachas. Cé gur beag ar fad an líon daoine a ghlac leis an tairiscint seo, d'fhéadfadh forbairtí amach anseo deis níos fearr a sholáthar áfach le modhanna simplithe a chur chun feidhme maidir le sonraí a thuairisciú. Is iad na cinn is suntasaí as measc na bhforbairtí seo ná:

- Ag forbairt acmhainneacht staitistiúil na dtaifead riaracháin (ASTR). Tugtar tuilleadh sonraí faoi Sprioc 5
- Córais amhail *XBRL* (an Teanga Tuairisceoireachta Gnó Infhairsingithe) á bhforbairt
- Sásraí le sonraí a thuairisciú go leictreonach, á bhforbairt tuilleadh

Tá an Oifig páirteach go gníomhach, in éineacht leis na Coimisinéirí Ioncaim agus comhlachtaí cuntasaíochta, le *XBRL* a fhorbairt in Éirinn. D'éirigh le húsáid *XBRL* a phíolótú i gceann de na suirbhéanna ráithiúla tionscail sa chéad leath de 2005. Ba é seo an chéad uair a cuireadh *XBRL* chun feidhme beo in Éirinn. Tá sé d'acmhainneacht ag an tionscadal seo an t-ualach tuairisceoireachta ar ghnónna a mhaolú, tríd an obair le faisnéis staitistiúil a aithint agus a bhaint as cuntais chuideachta, a dhéanamh i bhfad níos éasca.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag forbairt roghanna tuairisceoireachta leictreonaí don suirbhé ráithiúil ar thuilleamh (STUCF) freisin, i gcomhar le cuideachtaí bogearraí párolla, agus tá an Oifig ag súil go mbeidh siad seo ar fáil in 2008. Tá áis Bhosca Taisce Daingin, le sonraí a bhailiú, ar fáil freisin. Sásra slán is ea é seo le comhaid leictreonacha a sheoladh chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh ar an idirlíon agus baineann freagróirí ón saol gnó agus ón earnáil phoiblí úsáid as.

2.4 Sprioc 4 – Cumas ár nOifige a fhorbairt go leanúnach

D'fhorbair agus d'fhoilsigh an Coiste Compháirtíochta *Straitéis Acmhainní Daonna* na Príomh-Oifige Staidrimh in 2004. Leagann an straitéis AD amach na struchtúir agus na treoirphrionsabail chun tacú leis an bhfoireann agus iad a stiúradh i dtreo cuspóirí na hOifige a bhaint amach. Soláthraíonn sé an creat, a ndéanfar, faoina cuimsiú, polasaithe agus cleachtais um acmhainní daonna (AD) a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a choinneáil faoi athbhreithniú. Déanfar cur síos níos mionsonraithe sna polasaithe seo ar an mbealach a bhainistíofar, a spreagfar agus a thacófar leis an bhfoireann; ar an mbealach

a thomhaisfear agus a fheabhsófar feidhmíocht; agus ar an mbealach a leanfaidh cumarsáidí agus an t-oibriú foirne ar aghaidh le bheith ag tacú leis an straitéis ghnó.

Forbraíodh an plean, le straitéis na Príomh-Oifige Staidrimh i leith na Teicneolaíochta Faisnéise a chur chun feidhme, in 2001 agus cuireadh an chéad chéim, leis an an straitéis a chur chun feidhme, i gcrích i mí Mhárta 2003. Bronnadh conradh ar *Cognizant Technology Solutions* i mí na Samhna 2003 le haghaidh na céime mionsonraithe leis an straitéis a chur chun feidhme. Is é an príomh-aschur a bheidh ann ná Córas Bainistíochta Sonraí (CBS) arna dhearadh chun an bealach a thiomsaítear agus a fhoilsítear staitisticí a fheabhsú. Tá ollstóras sonraí san áireamh sa dearadh le faisnéis staitistiúil a stóráil chomh maith le córais arna stiúradh ag roghchláir le próisis staitistiúla a chur chun feidhme. Is é an targaid leis an obair seo a chur i gcrích ná don chéad chuid de 2008. Tacaíonn struchtúr eagrúcháin athbheithnithe leis an timpeallacht nua TF le léiriú a dhéanamh ar riachtanais na gcóras nua TF i ndáil le bunachair shonraí a riaradh, córais a dhearadh/sonraí a shamhaltú, agus sonraí a chraobhscaoileadh.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis dul le modheolaíocht bhainistíochta tionscadal arna stiúradh de réir cúrsaí gnó le haghaidh gach mórtionscadal. Tá nós imeachta rialachais i bhfeidhm chun punann foriomlán na dtionscadal a bhainistiú agus chun a chinntiú go dtéitear le modheolaíocht na bainistíochta tionscadal le haghaidh gach mórtionscadal.

Tá cláir oibre dhúshlánacha le haghaidh athruithe agus nuachóiriúcháin tugtha don Státseirbhís leis an gcomhaontú *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* agus *I dTreo 2016*. Maidir leis an gcomhaontú deiridh, d'ullmhaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh plean aicsin i mí Dheiridh Fhómhair 2006 lenar leagadh tuilleadh targaidí amach i gcomhair tionscnamh le haghaidh athruithe agus an nuachóiriúcháin. Tá idir an plean reatha agus an plean faoi *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* a bhí ann roimhe ailínithe go dlúth le straitéis fhoriomlán na Príomh-Oifige Staidrimh. San áireamh leis na saincheistanna atá á dtabhairt chun cinn tá: ag freastal ar riachtanais staitistiúla a aithníodh in *I dTreo 2016*, ag cur Chód Cleachtais Chóras Staitistiúil na hEorpa le haghaidh staitisticí oifigiúla chun feidhme, Acmhainneacht Staitistiúil na dTaifead Riaracháin (ASTR) a fhorbairt tuilleadh, an straitéis TF a chur chun feidhme agus a thabhairt ar aghaidh tuilleadh, agus úsáid mhéadaithe a bhaint as an r-Rialtas agus as teicneolaíochtaí eile le sonraí a chraobhscaoileadh agus sonraí a bhailiú.

Bhí Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta na Státseirbhíse (CBFF) lárnach san obair le feidhmíocht a bhainistiú agus an fhoireann a fhorbairt sa Phríomh-Oifig Staidrimh ó tugadh isteach in 2001 é. Tugadh Aiseolas Aníos isteach mar ghné bhreise den chóras in 2004. Tá CBFF á chur isteach ina chuid de phróisis eile Acmhainní Daonna

sa Phríomh-Oifig Staidrimh faoi láthair lena n-áirítear córais mheasúnachta. Táthar ag tabhairt faoi seo mar chuid de ghealltanas na Príomh-Oifige Staidrimh leis an gcóras a fhorbairt agus a neadú tuilleadh ar aon dul le forbairtí lárnacha agus riachtanais na Príomh-Oifige Staidrimh.

D'éirigh leis an obair le hathbhreithniú ó thaobh caiteachais a dhéanamh ar stiúrtóireacht na staitisticí sóisialta agus déimeagrafacha in 2004. Tá athbhreithniú comhfhreagrach á dhéanamh i leith staitisticí gnó faoi láthair.

2.5 Sprioc 5 –Forbairt chóras staitistiúil na hÉireann a thabhairt chun cinn

D'fhoilsigh an Bord Náisiúnta Staidrimh a *“Straitéis don Staidreamh 2003-2008”* i mí Iúil 2003.

Leagadh fíis nua amach sa straitéis seo maidir le staitisticí oifigiúla a fhorbairt in Éirinn, ag leanúint ar aghaidh ón tuarascáil maidir le *Staitisticí Sóisialta agus Comhionannais na hÉireann a Fhorbairt chun freastal ar Riachtanais ó thaobh Polasaithe*. Samhlaíodh ann go mbainfí úsáid níos mó as sonraí riaracháin agus go mbainfí úsáid as staitisticí chun tacú le cinní a dhéanamh bunaithe ar fhianaise.

Ceanglaítear ar gach roinn straitéisí ó thaobh sonraí/staitisticí a ullmhú mar chuid dhílis dá straitéisí, rud a tháinig de bharr cinnidh Rialtais. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh, i gcomhar leis an mBord Náisiúnta Staidrimh, ag leanúint ar aghaidh le treoir agus comhairle a sholáthar do ranna rialtais maidir le dearadh agus ábhar a gcuid straitéisí ó thaobh sonraí/staitisticí agus maidir le ceisteanna gairmiúla ábhartha ó thaobh staitisticí freisin. Bunaíodh líonra staitistiúil idir-rannach in 2004 lenar nascadh an Phríomh-Oifig Staidrimh, aonaid staitistiúla na rann agus iad siúd a bhíonn freagrach as straitéisí na rann ó thaobh sonraí/staitisticí. Tá seo ag cabhrú le saineolas staitistiúil a mhéadú sa tseirbhís phoiblí tríd síos agus le cultúr, lena ndéantar cinní bunaithe ar fhianaise, a chur chun cinn.

Tá an Oifig páirteach go gníomhach i roinnt tionscadal staitistiúil nua le Ranna eile, rud a chabhróidh le caighdeán a chur chun cinn d'aicmiúcháin staitistiúla agus d'obair le sonraí a chomhtháthú. I ndáil le sonraí spásúlachta, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann sa Ghrúpa um Infrastruchtúr Sonraí Spásúlachta le cóid chaighdeánacha a bhunú le haghaidh ceantar beag. Tá bunú agus úsáid na n-aitheantas caighdeánach pearsanta agus gnó (lena n-áirítear an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) i gcomhaid ábhartha sonraí gach roinn Rialtais, á gcur chun cinn againn, trí láithreoireachtaí agus comhairle a sholáthar do ranna.

Breiseofar an ábaltacht le húsáid a bhaint as sonraí riaracháin chun críocha staitistiúla go mór trí úsáid a bhaint as aicmiúcháin agus aitheantais chaighdeánaithe. Tá sé rí-thábhachtach áfach agus sonraí as roinnt foinsí á gcomhtháthú, go gcosnaítear príobháideacht daoine aonair agus gnónna. Comhaontaíodh prótacal leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus foilsíodh i mí na Bealtaine 2005 é, lena chinntiú nach nochtófar sonraí pearsanta go neamhdhleathach de thoradh úsáid níos mó a bheith á baint as taifid daoine aonair chun críocha staitistiúla.

Tar éis comhairliúcháin mhionsonraithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh le hocht Roinn agus leis na gníomhaireachtaí gaolmhara, foilsíodh tuarascáil maidir le *Riachtanais ó thaobh Polasaithe le Sonraí Staitistiúla ar Fhiontair* in 2006. Leag sé amach ceanglais ó thaobh staitisticí eacnamaíochta agus comhshaoil i leith ocht Roinn agus tuairiscíonn sé ar acmhainneacht a gcuid sealúchas, de shonraí riaracháin agus suirbhéanna, ó thaobh staitisticí. Rinneadh moltaí tábhachtacha sa tuarascáil faoin ngá le córas uathúil, le gnónna a aithint agus a chlárú, a thabhairt isteach, ina mbeadh clár gnó a bhainisteofaí go lárnach. Moladh freisin go scrúdódh grúpa trasrannach na moltaí seo agus an réiteach ab fhearr a aithint. Leis na moltaí, tagann an acmhainneacht go n-idirghníomhódh an Stát ar bhealach níos éifeachtúlaí leis an earnáil ghnó, chomh maith le tairbhí ó thaobh staitisticí. Leanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh leis na moltaí seo chun cabhrú leis na tairbhí ó thaobh staitisticí agus na tairbhí eile a fhíorú tríd an ngrúpa idir-rannach a cuireadh ar bun ag deireadh 2006. Tá sé curtha de chúram ar an ngrúpa seo tuairisciú maidir lena indéanta is a bheadh na moltaí seo i rith 2007 agus is é an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá ina cathaoirleach ar an ngrúpa. Bunaíodh Aonad nua um Staitisticí Gnó a Chomhtháthú i mí Iúil 2005 chun na moltaí a aithníodh sa tuarascáil a thabhairt ar aghaidh. Tá ról buntábhachtach ag an aonad le foinsí agus foilseacháin staitistiúla nua a fhorbairt i ndáil le topaicí eacnamaíochta, comhshaoil agus topaicí eile.

Caibidil 3: Clár um Ghnó Staitistiúil

3.1 Staitisticí Maicrea-Eacnamaíochta

Clúdaíonn an clár seo staitisticí maidir le Cuntais Náisiúnta, Comhardú na nÍocaíochtaí, Trádáil Sheachtrach agus staitisticí Comhshaoil.

Tugtar faisnéis, mar a bhí ag deireadh mhí an Mhárta 2007, sa phainéal seo a leanas maidir lena thráthúla is a eisíodh staitisticí agus a foilsíodh foilseacháin rialta i réimse na Staitisticí Maicrea-Eacnamaíochta. Soláthraíonn sé seo an creat a bhíonn ina chúlra agus na Táscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha (TFBeanna) ó thaobh tráthúlachta á dtomhas.

Monatóir Tráthúlachta: Staitisticí Maicrea-Eacnamaíochta					
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht		Current Timeliness	
		Caighdeán Idirnáisiúnta	Targaid do 2006	Eagrán	Foilsithe faoi cheann
Staitisticí Maicrea-Eacnamaíochta					
Comhardú na nÍocaíochtaí	Ráithe	3 mhí	3 mhí	R4 2006	13 scht
Staid Infheistíochta Idirnáisiúnta	Bliain	9 mí	9 mí	2005	12 mhí
Fiachas Seachtrach	Ráithe	3 mhí	3 mhí	R4 2006	13 scht
Sealúchais Urrús Punainne Iasachta ag Cónaitheoirí	Bliain	9 mí	10 mí	31 Noll 2005	12 mhí
Infheistíocht Dhíreach Iasachta	Bliain	21 mhí ¹	12 mhí	2005	13 mhí
Easpórtálacha agus Iompórtálacha Seirbhíse	Bliain	9 mí	12 mhí	2005	14 mhí
Cuntais Náisiúnta Bhliantúla					
Torthaí Achomaire	Bliain	g/t	26 scht	2005	28 scht
Foilsíú	Bliain	9 mí	8 mí	2005	36 scht
Cuntais Náisiúnta Ráithiúla	Ráithe	10 scht ²	13 scht	R3 2006	13 scht
Cuntais Réigiúnacha	Bliain	24 mhí	24 mhí	2004	26 mhí
Cuntais Teaghlaigh	Bliain	24 mhí	24 mhí	2003	26 mhí
Trádáil Sheachtrach					
Eisiúint					
Seach-AE ³	Ráithe	6 scht		—	—
Iomlán	Ráithe	10 scht	12 scht	Noll 2006	12 scht
Foilsíú	Ráithe	g/t	15 scht	Samh 2006	14 scht
Cuntais Chomhshaoil	Bliain	g/t	15 mhí	2004	17 mí

¹ Is é spriocdháta *Eurostat* do stoic Infheistíochta Dírí Iasachta (.i. clár comhardaithe) ná 21 mhí tar éis na sonraí tagartha; is é a spriocdháta i gcomhair sonraí na n-idirbheart comhfheagrach ná 3 mhí tar éis na bliana tagartha.

² Tá maolú ag Éirinn go dtí 90 lá do Chuntais Náisiúnta Ráithiúla.

³ Ní leantar ar aghaidh leis an eisiúint Seach-AE ó 2005 ar aghaidh agus tá an spriocdháta i gcomhair na gcéad mheastachán i gcomhair an *Intrastat* (trádáil AE) teanntaithe go dtí 40 lá ó 56 a bhaineann leis an mí thagartha.

Taispeántar caiteachas na Príomh-Oifige Staidrimh chun na haschuir seo a tháirgeadh sa tábla seo a leanas. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go dtiteann formhór an chostais, a bhaineann leis na figiúirí um Thrádáil Sheachtrach a sholáthar, ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba é an t-ollchaiteachas i réimse na Staitisticí Maicrea-Eacnamaíochta le haghaidh 2006 ná €5,637,000.

2006	Cuntais Náisiúntas €000	Comhordú na nÍocaíochtaí & Earnáil Airgeadais €000	Trádáil Sheachtrach & Comhshaoil ⁽²⁾ €000	Iomlán na Staitisticí Maicrea-Eacnamaíochta ⁽¹⁾ €000
A1 Turastail, Pánna agus Liúntais	2,072	1,959	668	4,699
A2 Taisteal agus Cothú	45	25	14	84
A3 Fochostais	14	12	4	30
A4 Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáidí	34	28	17	79
A5 Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	231	195	70	496
A6 Speansais maidir le háitribh Oifige	116	96	35	247
A7 Seirbhísí Sainchomhairliúcháin	2	—	—	2
Ollchaiteachas	2,514	2,315	808	5,637
A9 Leithghabhálacha-i-gCabhair	12	—	3	15
Glanchaiteachas	2,502	2,315	805	5,622

Nótaí: (1) Tá caiteachas áirithe a tharraing réimsí tacaíochta gnó orthu féin, mar shampla, postas & Teileachumarsáidí, innealra oifige & speansais maidir le háitribh agus oiliúint, san áireamh sna figiúir thuas.

(2) Níl an caiteachas (€2,532,000) arna thaispeáint faoi Vóta 9 (Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim) in Aguisín 3, a bhaineann le staitisticí Trádála, san áireamh sna figiúirí.

3.1.1 Cuntais Náisiúnta

An rud ar a raibh béim i gcaitheamh ré na straitéise ná cáilíocht ár gcuid aschur a choinneáil ar bun agus muid ag leanúint ar aghaidh, le hobair le forbairtí nua a thabhairt isteach ionas go gcomhlíonfaí téarmaí Chóras Cuntas na hEorpa (ESA05) (Rialachán 2223/96 an AE), chomh maith le bheith ag freastal ar raon d'éilimh bhreise ar shraitheanna nua, agus le haghaidh mionsonraí agus tráthúlacht fheabhsaithe, éilimh atá ag teacht ó reachtaíocht nua an AE agus ó Phlean Aicsein an Aontais Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i gcomhair staitisticí.

Tá an oiread feabhais tagtha ar a thráthúlaí is a fhoilsítear na cuntais náisiúnta ráithiúla gur foilsíodh iad seo, go ginearálta, faoi cheann trí mhí ón ráithe deiridh ón gcéad chuid de 2004. Tugadh treoirimhreacha slabhra-nasctha d'imleabhair isteach in éineacht le bealach nua le caitheamh le haschur idirghabhálaithe airgeadais i bhfoilsiúchán chuntais náisiúnta bhliantúla 2004 i mí Iúil 2005.

Tá obair fhorbartha tugtha ar aghaidh go maith, maidir le ceanglais faoi rialachán ESA95 nár comhlíonadh go fóill, a chomhlíonadh agus tá raon na mionsonraí atá á soláthar d'*Eurostat* leathnaithe go suntasach. Foilsíodh an chéad tacar de chuntais earnáil na n-institiúidí ar bhonn náisiúnta i mí Aibreáin 2007.

Tar éis athbhreithnithe ar mhodheolaíocht gach ballstát in 2004, leag *Eurostat* ceithre fhorchoimeádas ar mhodheolaíocht na hÉireann maidir leis an mbealach a ríomhtar an tOll-ioncam Náisiúnta (OIN). Tairgeadh na tuarascálacha a bhí riachtanach faoi spriocdháta Mheán Fómhair 2006 an AE. Fuarthas fógra foirmiúil ó *Eurostat* i mí na Nollag 2007 gur cuireadh na forchoimeádais i leataobh.

Cuireadh an obair le sraith chomhleanúnach stairiúil a thiomsú de chuntais náisiúnta, a théann siar go dtí 1970, i gcrích in 2005. Foilsíodh an tsraith stairiúil ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh i gcomhar leis na cuntais náisiúnta bhliantúla i mí Iúil 2005.

3.1.2 Comhardú na nÍocaíochtaí (CI) agus Staitisticí Gaolmhara

Ba é an aidhm i gcaitheamh thréimhse na straitéise ná leanúint ar aghaidh le bheith ag díriú ar mhéadú a dhéanamh ar raon na dtorthaí ón ár gcóras cuimsitheach le CI a bhailiú agus a thiomsú, chomh maith lena mhionsonraithe is a bhíonn na torthaí sin a mhéadú agus acmhainní nach beag a chaitheamh díreach le haghaidh cáilíocht staitisticí CI agus staitisticí gaolmhara a fheabhsú agus a chinntiú, agus le haghaidh sin amháin.

Leanamar ar aghaidh in 2006 le bheith ag freastal ar riachtanais úsáideoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta tríd an gclár ama trí mhí, maidir le torthaí Chomhardú na nÍocaíochtaí a fhoilsiú, a choinneáil ar bun. Thiomsaigh agus d'fhoilsigh muid sonraí bliantúla faoi stoic don Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta freisin maidir le hinfheistíocht in urrúis iasachta, faoi cheann deich mí ón thréimhse thagartha, chomh maith leis na Staitisticí ráithiúla maidir le Fiachas Seachtrach le ceanglais an CAI, maidir le sonraí a chraobhscaoileadh, a chomhlíonadh faoi cheann spriocdháta na dt trí mhí. Chuathas ar gcúl de bheagán in 2006 ó thaobh spriocdháta foilsiúcháin na naoi mí le haghaidh torthaí bliantúla na Staide Infheistíochta Idirnáisiúnta. Mar gheall ar shrianta ó thaobh an tsoláthair fhoirne agus acmhainní a bhí sé sin; comhlíonadh an spriocdháta foilsiúcháin den chuid is mó i gcaitheamh ré na Straitéise áfach agus tá sé d'aidhm againn go mbeidh an eisiúint seo á foilsiú de réir an spriocama arís.

Bhí dul chun cinn maith ann ó thaobh an mhodheolaíochta a fheabhsú le haghaidh na meastachán míosúil maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí do BCE. Bhí comhairliúcháin níos doimhne ann, lena n-áirítear anailís bhreise ar shonraí, in éineacht leis an mBanc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais agus tosaíodh ar obair le córais, le sonraí a thiomsú go míosúil agus go ráithiúil, a chomhtháthú níos mó in 2005. Leanfar ar aghaidh leis an mír seo a mheas mar thosaíocht amach anseo.

Táirgeadh anailísí breise ó thaobh na tíreolaíochta agus earnálacha ar shonraí Chomhordú na nÍocaíochtaí agus na Staide Infheistíochta Idirnáisiúnta do BCE agus d'*Eurostat* ar aon

dul le treoirínte BCE agus le rialacháin an AE ó 2004. Foilsíodh na mionsonraí breise le haghaidh 2003 agus 2004 san eisiúint nua um Easpórtálacha agus Impórtálacha Seirbhíse a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2006.

Baineadh an TFB amach in 2006 le haghaidh nósanna imeachta a chur chun feidhme a bhí sonraithe ag BCE maidir le monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht sonraí staitisticí na bpunann infheistíochta.

3.1.3 Trádáil Sheachtrach

Baineadh TFB an 12 seachtaine, maidir lena thráthúla is a fhoilsítear ábhar, amach a bheag nó a mhór i gcaitheamh ré na Straitéise. Tá sé socraithe gur 11 seachtaine an targaid reatha anois. Tá obair, le feabhas a chur ar na meastacháin i leith praghais agus líon táirgí ardteicneolaíochta, ag leanúint ar aghaidh i gcomhar le hobair ghaolmhar ar Phraghasanna Táirgeoirí (féach 3.2.6). Samhlaítear mar sin, ach dóthain acmhainní a bheith ar fáil chuige, go ndéanfar athbhreithniú i dtréimhse an chéad Ráiteas Straitéise eile ar an modheolaíocht reatha leis na slata tomhais foriomlána a ríomhadh i leith praghais agus líon don trádáil díoltóireachta, chun na slata tomhais nua seo i leith praghais a chur isteach ina gcuid den mhodheolaíocht.

3.1.4 Cuntais Chomhshaoil

Foilsíodh Cuntais Chomhshaoil i gcomhair na mblianta 1995 go dtí 2004 in 2006. Baineann na meastacháin seo le hastuithe go haer go príomha (astuithe gáis cheaptha teasa agus astuithe réamhbháistí aigéadaí). Leanfar ar aghaidh, leis na roghanna le scóip na gcuntas a leathnú, a fhiosrú agus leas á bhaint as aon deiseanna a thagann de bharr na staidéar maidir le hacmhainneacht staitistiúil na dtaifead riaracháin. Ullmhóidh an Phríomhoifig Staidrimh straitéis fhoriomlán le haghaidh staitisticí comhshaoil in 2007 freisin.

3.2 Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta

Cuimsíonn an clár seo an Daonáireamh agus trí mhórshuirbhé teaghlaigh: an Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil (SNTR) leanúnach; Suirbhé bliantúil an AE ar Ioncam agus Dhálaí Maireachtála (EU-SILC); agus an Suirbhé Buiséid Teaghlaigh (SBT) a dhéantar gach cúig bliana. Táirgtear staitisticí rialta lena chois sin ar dhaonra agus ar an imirce, ar staitisticí beatha, an margadh saothair, phraghsanna tomhaltóirí agus phraghsanna táirgeoirí. San áireamh le forbairtí nua in 2006, reachtáladh an chéad Suirbhé Náisiúnta Míchumais iar-dhaonáirimh agus chuaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i gceannas ar fhoilsiúchán na staitisticí taifeadta coireachta ag deireadh 2005.

Tugtar faisnéis, mar a bhí ag deireadh mhí Mhárta 2007, sa phainéal seo a leanas maidir lena thráthúla is a eisíodh staitisticí agus a foilsíodh foilseacháin rialta i réimse na Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta. Soláthraíonn sé seo an creat a bhíonn ina chúlra agus na Táscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha (TFBeanna) ó thaobh tráthúlachta á dtomhas.

Monatóir Tráthúlachta: Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta					
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht		Tráthúlacht Reatha	
		Caighdeán Idirnáisiúnta	Targaid do 2006	Eagrán	Foilsithe faoi cheann
Margadh Saothair					
Clár Beo					
Anailís	Mí	7 lá	7 lá	Aib 2007	4 lá
Aois de réir Tréimhse	Leathbhliain	g/t	6 scht	D.F. 2006	5 scht
Díospóidí Tionscail	Ráithe	13 scht	13 scht	R3 2006	8 scht
SNTR	Ráithe	3 mhí	2 mhí	R4 2006	3 mhí
EU-SILC	Bliain	g/t	12 mhí	2005	11 mhí
Praghasanna					
TPT	Mí	36 lá	13 lá	Noll 2006	8-16 lá
TPT – Anailís ar Mheánphraghas	Leathbhliain	g/t	8 scht	Beal 2006	15 lá
TPM	Mí	45 lá	25 lá	Már 2007	22 lá
Staitisticí Beatha					
Eisiúint	Ráithe	g/t	17 scht	R2 2006	25 scht
Achoimre Bliantúil (Sonraí Clárúcháin)	Bliain	12 mhí	4 mhí	2005	6 mhí
Foilsíú	Bliain	18 mí	23 mhí	2004	24 mhí ¹
Meastacháin Daonra/Imirce (Aibreán)	Bliain	g/t	3 mhí	2006	5 mhí
Ainmneacha Bhabaithe na hEireann	Bliain	g/t	4 mhí	2005	6 mhí

¹ Braitheann an clár ama don fhoilseachán bliantúil maidir le staitisticí beatha ar na rialacháin maidir le himeachtaí beatha a chlárú.

Taispeántar caiteachas na Príomh-Oifige Staidrimh chun na haschuir seo a tháirgeadh sa tábla seo a leanas. Ba é an t-Ollchaiteachas i réimse na Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta le haghaidh 2006 ná €46,321,000.

2006	Déimeagrafaíocht	Suirbhéanna Pragasanna agus Teaghlaigh	Staitisticí faoin Margadh Saothair & Cuimsiú Sóisialta & Staitisticí Beatha	Staitisticí Sóisialta a Chomh-táthú	Staitisticí Coireachta agus Ceartais Choiriúil	Sonraí a Nascadh agus a Chomh-táthú	Iomlán na Staitisticí Déimeagrafacha & Sóisialta ⁽¹⁾
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
A1 Turastail, Pánna agus Liúntais	5,600	6,423	1,271	512	228	147	14,181
A2 Taisteal agus Cothú	25	720	27	10	17	4	803
A3 Fochostais	1,819	80	9	85	2	1	1,996
A4 Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáidí	111	141	22	6	2	1	283
A5 Innealra Oifige agus Soláthairtí Elle Oifige	2,152	803	149	35	15	8	3,162
A6 Speansais maidir le hAitribh Oifige	569	238	74	17	8	–	906
A8 Staitisticí a Bhailiú	22,656	1,076	1	1,257	–	–	24,990
Ollchaiteachas	32,932	9,481	1,553	1,922	272	161	46,321
A9 Leithghabhálacha -i-gCabhair	139	555	135	–	–	–	829
Glanchaiteachas	32,793	8,926	1,418	1,922	272	161	45,492

Nótaí: (1) Tá caiteachas áirithe a tharraing réimsí tacaíochta gnó orthu féin, mar shampla, postas & teileachumarsáidí, innealra oifige agus speansais maidir le háitribh agus oiliúint, san áireamh sna figiúir thuas.

3.2.1 Daonáireamh

D'éirigh go han-mhaith leis an obair allamuigh ar tugadh faoi don Daonáireamh i mí Aibreáin/na Bealtaine 2006 agus foilsíodh réamhthorthaí ó chomhaireamh na gceann i mí Iúil 2006. Cuireadh próiseáil na dtuairisceán, agus úsáid á baint as teicneolaíocht scanacháin agus aitheantais, i gcrích i mí na Nollaig 2006 beagnach 2 mhí roimh an am a socraíodh sa sceideal. Bhí foilsíú 15 imleabhar d'fhaisnéis Daonáirimh i gceist leis an gclár foilsíúcháin ina dhiaidh idir mí Aibreáin agus na Samhna 2007, rud a bhí ina fheabhsú nach beag ar an sceideal foilsíúcháin le haghaidh Dhaonáireamh 2002. Tá tús curtha leis an bpleanáil le haghaidh Daonáireamh 2011 nuair a bheidh sé ina mhórchuspóir go scrúdófar, agus más cuí, go gcuirfear ar chumas daoine foirmeacha comhlánaithe daonáirimh a chur isteach ar an idirlíon.

Foilsíodh réamh-mheastacháin a tugadh cothrom le dáta maidir leis an daonra agus an bhfórsa saothair, a bhí bunaithe ar dhaonáireamh 2002, i mí na Nollag 2004 ar leibhéal náisiúnta agus táirgeadh réamh-mheastacháin réigiúnacha, a bhí comhoiriúnach do na figiúir náisiúnta, i mí na Bealtaine 2005. Tá réamh-mheastacháin náisiúnta nua bunaithe ar dhaonáireamh 2006 á dtabhairt chun críche agus foilseofar iad roimh go luath in 2008.

Cuireadh Staitisticí Daonra na gCeantar Beag (SDCB) ó dhaonáireamh 2006 ar fáil ina dhá dtráthchuid i rith 2007. Tar éis athbhreithnithe ar pholasaithe, bíonn na staitisticí seo ar fáil saor in aisce do gach úsáideoir anois agus tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag spreagadh úsáideoirí le teacht ar na sonraí trína láithreán gréasáin. Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh faoi áiteanna oibre a chódú freisin i leith gach oibrí dár taifeadadh sa daonáireamh agus sholáthair sé seo bunachar sonraí fíorluachmhar le hanailís a dhéanamh ar leibhéal mionsonraithe ar phatrúin maidir leis na bealaí a thaistealaíonn daoine chuig an obair.

3.2.2 Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil (SNTR)

Tá an SNTR, a tugadh isteach in 1997, daingnithe go maith anois mar an bhfoinse dheifnídeach de shonraí cuimsitheacha tráthúla ar an bhfórsa saothair. Lena chois sin, tá raon leathan sonraí soláthraithe aige ar shaincheisteanna sóisialta trína chlár de mhodúil speisialta maidir le topaicí a bhí ina ngné den suirbhé ó ceapadh ar dtús é.

Foilsítear na croí-thorthaí faoin bhfórsa saothair faoi cheann trí mhí ón ráithe tagartha faoi láthair, nó thart air sin. Tá dul chun cinn maith déanta i rith chúrsa na straitéise maidir le croí-thorthaí uile an SNTR a sholáthar faoi cheann deich seachtaine ón ráithe tagartha. Bíonn torthaí á bhfoilsíú faoi cheann aon seachtaine dhéag faoi láthair ar an meán. Leanfar ar aghaidh leis an mír seo a mheas mar thosaíocht amach anseo.

Tugadh clár oibre allamuigh níos solúbtha, chun modúil suirbhé a reáchtáil, ar aghaidh i gcaitheamh 2005. Bhí sé seo ina fhreagairt ar líon méadaithe éileamh ó úsáideoirí trasna raoin réimsí níos leithne. Tá an riaráiste a tháinig chun cinn, ó thaobh an clár leis na torthaí do na modúil a chraobhscaoileadh, glanta den chuid is mó. Foilsíodh torthaí ó mhodúil speisialta sa suirbhé ar an Teicneolaíocht Fhaisnéise is Chumarsáide, ar an gCaipiteal Sóisialta agus Spórt, Ag Aistriú ón Saol Oibre go dtí an Saol Ar Scor agus ar an gCoireacht agus Íospairt i rith 2006.

Tá nasc aonfheidhme leis an SNTR forbartha ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh agus tá úsáid á baint as seo chun an bealach a chuirtear torthaí i láthair agus a chraobhscaoiltear iad a chomhdhlúthú. Tá úsáid á baint as bogearraí *PC-AXIS* chun éascú le daoine teacht ar tháblaí an SNTR go leictreonach.

Iníúchadh a indéanta is a bheadh sé úsáid a bhaint as an Agallóireacht Ríomh-Chuidithe Teileafóin i gcomhair an SNTR, agus cáilíocht shonraí an tsuirbhé a choinneáil ar bun ag an am céanna, i gcomhthéacs an Straitéis TF a chur chun feidhme. Thángthas ar an gconclúid nár chóir é a thabhairt isteach faoi láthair áfach agus na fachtóirí ábhartha ar fad á gcur san áireamh.

3.2.3 Suirbhé an AE ar Ioncam agus Dhálaí Maireachtála

Le cois réamhshuirbhé 2003, d'éirigh le hiarrachtaí le tabhairt faoi thrí shuirbhé bhliantúla iomlána sa tréimhse ó 2004 go dtí 2006. Foilsíodh torthaí ó shuirbhéanna 2004, 2005 agus 2006 de réir an spriocama faoi cheann bliana den bhliain tagartha i ngach cás agus tá seasamh daingean acu anois mar an fhoinse dheifnídeach d'fhaisnéis náisiúnta ar ioncaim agus dhálaí maireachtála. Foilsíodh torthaí ó mhodúl speisialta suirbhé ar Sheachadadh na Bochtaineachta ó Ghlúin go Glúin i mí Lúnasa 2007 freisin.

Leanfar ar aghaidh le foilsiú anailís an tsuirbhé ar bhonn tráthúil a áireamh mar thosaíocht agus éascóidh seo le monatóireacht a dhéanamh, ach go háirithe, ar mar atáthar ag dul chun cinn leis an Straitéis Náisiúnta in aghaidh an Bhochtanaís a chur chun feidhme.

Leanadh den dlúth-chomhoibriú leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta lena chinntiú gur freastalaíodh ar riachtanais úsáideoirí le hanailísí cuimsitheacha. Tá dul chun cinn maith déanta freisin ó thaobh an tsuirbhé a fhorbairt ar aon dul le ceanglais an AE thar thréimhse na Straitéise.

3.2.4 Suirbhé Buiséid Teaghlaigh (SBT)

Cuireadh tús le hobair allamuigh ar SBT 2004/2005 i mí Dheiridh Fhómhair 2004 agus cuireadh i gcrích í de réir an sceidil ag deireadh 2005. Baineadh úsáid as na torthaí agus an Treoiruimhir Phraghsanna do Thomhaltóirí á hathbhunú ó Eanáir 2007 ar aghaidh agus foilsíodh an chéad imleabhar mionsonraithe de thorthaí an tSBT i mí Iúil 2007.

Bhí moill ar fhoilsiú pleanáilte na n-anailísí ar mar a athdháiltear ioncam, bunaithe ar shonraí SBT ó shuirbhéanna 1994/95 agus 1999/2000, arna gceangal le faisnéis as foinsí riaracháin. Is mar gheall gur tugadh tosaíocht don SBT reatha, agus an gá le hacmhainní a atreorú chuig réimsí eile ar tosaíochtaí iad, a bhí seo amhlaidh; táthar ag súil áfach go bhfoilseofar na hanailísí seo (lena n-áirítear sonraí agus anailís ó shuirbhé SBT 2004/2005) in 2008.

3.2.5 Staitisticí Beatha

Tá staitisticí ar bhreitheanna, bhásanna, agus ar phóstaí á dtiomsú go hiomlán ar bhonn taifead ríomhairithe ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin (POC) anois. Cuirtear an colscaradh, an neamhniú agus an uchtáil isteach faoi raon na staitisticí beatha leis an Acht um Chlárú Sibhialta, 2004 freisin. Bhí dul chun cinn maidir le cláir a bhunú le haghaidh na réimsí nua seo mall áfach agus d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach féachaint ar a mhalairt de

roghanna le haghaidh staitisticí bunúsacha a tháirgeadh, go háirithe sa réimse maidir le colscaradh, mar bheart eatramhach.

Tá obair ar an gclár, chun an córas *ICD-10* a thabhairt isteach le haghaidh cúiseanna báis a chódú, ag dul ar aghaidh go leanúnach. Cuirfear staitisticí ar fáil ar an mbonn úr ó 2007 ar aghaidh.

3.2.6 Praghsanna Thomhaltóirí agus Mórdhíola

Athbhunaíodh an Treoiruimhir Phraghsanna do Thomhaltóirí, chuig bonn Samhain 2006 = 100, ag tús 2007. Tá obair ar siúl go leanúnach le cáilíocht na treoiruimhreach a fheabhsú ionas go gcomhlíonfar caighdeáin an AE agus le modhanna níos cost-éifeachtaí, leis na sonraí ar foinse na staitisticí iad a bhailiú, a iniúchadh tuilleadh.

Cuireadh obair fhorbartha i gcrích in 2005 maidir le modhanna feabhsaithe le haghaidh treochtaí ó thaobh pragsanna sna hearnálacha TF agus déantúsaíochta cógaisíochta. Mar fhreagairt ar cheanglais an AE, tá obair ullmhúcháin ar siúl go leanúnach le slata tomhais i leith pragsanna ionchuir a fhorbairt i gcomhair na déantúsaíochta agus táthar ag súil go dtáirgfear sonraí le haghaidh *Eurostat* in 2007. Tá obair ullmhúcháin ar siúl freisin le slata tomhais a fhorbairt i leith pragsanna i gcomhair seirbhísí.

3.2.7 Staitisticí Sóisialta agus Comhionannais á bhForbairt Tuilleadh

Faoi mar a luadh in áit eile, leagadh amach i dtuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Staitisticí Sóisialta agus Comhionannais an treo straitéiseach leis na Staitisticí seo a fhorbairt. Samhlaíodh sa tuarascáil go mbainfí úsáid níos mó as sonraí riaracháin agus go bhforbrófaí creat chun raon leathan de tháscairí staitistiúla a ullmhú agus a chur i láthair.

Ceanglaítear ar gach roinn straitéisí ó thaobh sonraí/staitisticí a ullmhú mar chuid dá straitéisí foriomlána, rud a tháinig de bharr cinnidh Rialtais. Sholáthair an Phríomh-Oifig Staidrimh, i gcomhar leis an mBord Náisiúnta Staidrimh, treoirlínte agus tacaíocht eile i mí Mhárta 2004 maidir leis na straitéisí seo a ullmhú.

Comhaontaíodh prótacal na Príomh-Oifige Staidrimh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus foilsíodh i mí na Bealtaine 2005 é, lena chinntiú nach bhfágfar go nochtófar mionsonraí pearsanta go neamhdhleathach de thoradh úsáid níos mó a bheith á baint as taifid daoine aonair chun críocha staitistiúla.

D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an ceathrú heagrán den tuarascáil maidir le táscairí inscne *Mná agus Fir in Éirinn, 2007* i mí na Nollag 2007. Bíonn tacar leathan de tháscairí inscne trasna gnéithe buntábhachtacha de shaol na mban agus na bhfear in Éirinn

ina chuid den tuarascáil seo agus is cuid é de shraith thuarascálacha téamacha atá pleanáilte a mbeidh an naoi bhforas comhionannais arna lua san Acht um Stádas Comhionann, 2000, ina struchtúr dóibh. Comhlánfaidh agus breiseoidh na tuarascálacha seo an tuarascáil bhliantúil níos ginearálta maidir le táscairí ó thaobh dul chun cinn, *Forás na hÉireann Faoi Mheas*. Foilsíodh an tuarascáil *Ag Dul in Aois in Éirinn 2007* i mí Lúnasa 2007 agus foilsíodh an tuarascáil maidir leis an gComhionannas in Éirinn i mí na Samhna 2007.

Rud a bhí ina thosaíocht mhór in 2006 ná reáchtáil an tSuirbhé Náisiúnta Mhíchumais i mí Mheáin Fómhair 2006. D'éirigh leis na hiarrachtaí leis an obair allamuigh a chur i gcrích ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2006. Bhí thart faoi 17,000 duine san áireamh sa suirbhé agus soláthróidh na torthaí faisnéis bhuntábhachtach chun an fhaisnéis, bunaithe ar na ceisteanna ar an míchumas a bhí san áireamh i nDaonáireamh 2006, a chomhlánú. Táthar ag súil go mbeidh na chéad torthaí ar fáil go luath in 2008.

Chinn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in 2004 gur chóir don Phríomh-Oifig Staidrimh, an fhreagracht as staitisticí coireachta a tháirgeadh, a ghlacadh ó na Gardaí. Cruthaíodh rannán nua laistigh den Oifig agus comhaontaíodh socrúithe leis na Gardaí maidir le micreashonraí a aistriú chun na staitisticí a thiomsú. Cuireadh tús le tuarascálacha rialta a fhoilsiú ag deireadh 2006. I gcomhar leis an gCoiste Comhairleach, tá dul chun cinn gasta á dhéanamh maidir le bheith ag dul le córas nua leis an gcoireacht a aicmiú, bunaithe ar shamhail na hAstráile, agus táthar ag súil go dtabharfar isteach é nuair a fhoilseofar an tuarascáil mhionsonraithe bhliantúil roimh dheireadh 2007.

3.3 Staitisticí Gnó

Clúdaíonn an clár seo raon an-leathan de shuirbhéanna míosúla, ráithiúla agus bliantúla ar gach earnáil ghnó trádála, lena n-áirítear talmhaíocht, foirgníocht, an earnáil tionscail agus seirbhísí. Is é cuspóir an chláir seo ná faisnéis thráthúil ábhartha a sholáthar maidir le struchtúr agus feidhmíocht ghnólachtaí Éireannacha, agus an t-ualach tuairisceoireachta a choinneáil ar an leibhéal is ísle is gá chun torthaí ardchaighdeán a tháirgeadh, ag an am céanna.

Tugtar faisnéis, mar a bhí ag deireadh mhí Mhárta 2007, sa phainéal seo a leanas maidir lena thráthúla is a eisíodh staitisticí agus a foilsíodh foilseacháin rialta i réimse na Staitisticí Tionscail agus Seirbhísí. Soláthraíonn sé seo an creat a bhíonn ina chúlra agus na Táscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha (TFBeanna) ó thaobh tráthúlachta á dtomhas.

Monatóir Tráthúlachta: Staitisticí Gnó					
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht		Tráthúlacht Reatha	
		Caighdeán Idirnáisiúnta	Targaid do 2006	Eagrán	Caighdeán Idirnáisiúnta
Tionscal					
Táirgeacht & Láimhdeachas	Mí	2 mhí	6 scht	Feabh 2007	6 scht
Stoic	Ráithe	Gan taifead	17 scht	R3 2006	18 scht
Sócmhainní Caipitil	Ráithe	Gan taifead	17 scht	R3 2006	18 scht
Eisiúint ATT					
Aonad áitiúil	Bliain	Gan taifead	15 mhí	–	–
Fiontraíocht	Bliain	Gan taifead	15 mhí	–	–
Luathmheastachán	Bliain	10 mí	10 mí	2005	12 mhí
Foilsíú ATT	Bliain	18 mí	18 mí	2004	22 mhí
Prodcom	Bliain	6 mhí	11 mhí	2004	14 mhí
Tógáil					
Fostaíocht	Mí	3 mhí	6 scht	Feabh 2007	7 scht
Tuilleamh	Ráithe	3 mhí	3 mhí	R4 2006	12 scht
Ceadanna Pleanála	Ráithe	3 mhí	3 mhí	R4 2006	13 scht
Daonáireamh	Bliain	18 mí	18 mí	2004	19 mí
Seirbhísí					
Treoiruimhir Díolacháin Mhiondíola					
Sealadach	Mí	n/r	7 scht	Ean 2007	7 scht
Deiridh	Mí	3 mhí	11 scht	Noll 2006	11 scht
Fiosrúchán Bliantúil faoi Sheirbhísí	Bliain	18 mí	18 mí	2004	27 mí
Taisteal Thar Sáile	Mí	Gan taifead	7 scht	Ean 2007	7 scht
Turasóireacht & Taisteal	Ráithe	3 mhí	10 scht	R4 2006	11 scht
Turasóireacht & Taisteal	Bliain	6 mhí	12 scht	2006	12 scht
Suirbhé ar Thaisteal Teaghlaigh	Ráithe	Gan taifead	12 scht	R3 2006	14 scht
Fiosrúchán faoi Lasta Bóthair	Bliain	5 mhí	7 mí	2005	9 mí
Staitisticí faoi Thrácht Calafóirt	Bliain	8 mí	8 mí	2005	6 mhí
Ceadúnú Feithiclí					
Deiridh	Mí	Gan taifead	3 scht	Feabh 2007	4 scht
Bliantúil	Bliain	Gan taifead	5 scht	2006	7 scht
Tuilleamh & Costais Fhostaíochta					
Fostaíocht na hEarnála Tionscail	Ráithe	3 mhí	6 scht	R4 2006	13 scht
Tuilleamh & Uaireanta na hEarnála Tionscail	Ráithe	3 mhí	6 scht	R4 2006	13 scht
Seirbhísí Airgeadais Fostaíocht/Tuilleamh	Ráithe	Gan taifead	6 scht	R4 2006	16 scht
Earnáil Phoiblí					
Fostaíocht	Ráithe	Gan taifead	6 scht	R3 2006	21 scht
Tuilleamh	Ráithe	Gan taifead	6 scht	R3 2006	21 scht
Tuilleamh: Dáileachán & Seirbhísí	Ráithe	Gan taifead	6 scht	R2 2006	13 scht
Suirbhé ar Chostais Saothair	Gach ceithre bliana	18 mí	18 mí	2000	19 mí
Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta	Bliain	Gan taifead		2003	38 mí

Taispeántar caiteachas na Príomh-Oifige Staidrimh chun na haschuir seo a tháirgeadh sa tábla seo a leanas. Ba é an t-Ollchaiteachas i réimse na Staitisticí Gnó (lena n-áirítear Talmhaíocht) le haghaidh 2006 ná €10,530,000.

2006	Tionscal & Tógáil €000	Seirbhísí €000	Tuilleamh & Costais Fhostaíochta €000	Staitisticí Gnó a Chomhtháthú €000	Talmhaíocht €000	Iomlán na Staitisticí Gnó €000 ⁽¹⁾
A1 Turastail, Pánna agus Liúntais	2,107	2,309	1,476	261	1,281	7,434
A2 Taisteal agus Cothú	100	51	12	43	10	216
A3 Fochostais	14	17	12	5	8	56
A4 Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáidí	69	516	28	3	158	774
A5 Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	301	358	193	17	168	1,037
A6 Speansais maidir le hÁitribh Oifige	149	170	95	9	83	506
A8 Staitisticí a Bhailiú	–	507	–	–	–	507
Ollchaiteachas	2,740	3,928	1,816	338	1,708	10,530
A9 Leithghabhálacha-i-gCabhair	24	–	1	–	650	675
Glanchaiteachas	2,716	3,928	1,815	338	1,058	9,855

Nótaí: (1) Tá caiteachas áirithe a tharraing réimsí tacaíochta gnó orthu féin, mar shampla, postas & Teileachumarsáidí, innealra oifige agus speansais maidir le háitribh agus oiliúint, san áireamh sna figiúir thuas.

3.3.1 Staitisticí Gnó a Fhorbairt

Leanamar ar aghaidh in 2006 leis na héilimh náisiúnta agus ón AE ar staitisticí gnó a chomhlíonadh agus le bheith ag ullmhú le haghaidh forbairtí nua. Tá staitisticí nua ar chistí pinsin san áireamh leis na forbairtí seo chomh maith le staitisticí níos mionsonraithe maidir leis an turasóireacht, táscairí gearrthéarmacha nua maidir le treochtaí san fhoirgníocht, táscairí maidir le treochtaí praghasanna in earnálacha seirbhíse, agus staitisticí ráithiúla maidir le tuilleamh agus costais saothair. Lena chois sin, aithníodh raon leathan de cheanglais sonraí sa tuarascáil maidir le *Riachtanais ó thaobh Polasaithe le Sonraí Staitistiúla ar Fhiontair*. D'ullmhaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an tuarascáil seo, don Bhord Náisiúnta Staidrimh, tar éis comhairliúcháin mhionsonraithe le Ranna agus Gníomhaireachtaí (féach Cuid 2.5).

Bunaíodh Aonad nua um Staitisticí Gnó a Chomhtháthú i mí Iúil 2005 chun cabhrú leis na forbairtí riachtanacha i staitisticí gnó a chomhordú agus a thabhairt ar aghaidh. Tá an t-aonad páirteach go gníomhach in idirchaidreamh le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile agus tá raon tuarascálacha téamacha á fhorbairt aige freisin. Deis agus dúshlán mór don

Phríomh-Oifig Staidrimh freisin is ea na moltaí a bhaineann le córas uathúil, le gnónna a aithint agus a chlárú, a thabhairt isteach.

Tá obair ag leanúint ar aghaidh chun cur ar chumas rannpháirtithe i suirbhéanna gnó a gcuid tuairisceán a chur isteach go leictreoneach. Faoi mar a luadh i gCuid 2.3, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag obair le cuideachtaí bogearraí párolla, le rogha tuairisceoireachta leictreonaí a sholáthar d'fhreagróirí an tsuirbhé ráithiúil ar chostais saothair (STUCF). Ba chóir, le himeacht ama, go mbeadh sé níos éasca d'fhreagróirí gnó tuairisceáin staitistiúla a bhaint amach as a gcuid córas faisnéise cuntasaíochta de thoradh rannpháirtíocht na Príomh-Oifige Staidrimh san obair le *XBRL* a fhorbairt. Ba chóir a thabhairt faoi deara áfach go bhféadfadh na tairbhí a d'fhéadfadh teacht de bharr *XBRL* a bheith teoranta de thoradh nach ann do chaighdeán comhaontaithe cuntasaíochta d'Éirinn.

Leanfaimid ar aghaidh le bheith ag dul i gcomhairle lenár soláthraithe sonraí agus le húsáideoirí staitisticí gnó le suirbhéanna nua agus aschuir nua a fhorbairt. Beidh an tAonad nua um Staitisticí Gnó a Chomhtháthú ina phointe fócais d'fhormhór chomhairliúchán na Príomh-Oifige Staidrimh le húsáideoirí staitisticí gnó agus soláthraithe sonraí, lena n-áirítear sásraí comhairliúcháin atá ann cheana féin amhail an grúpa le haghaidh staitisticí fuinnimh a chomhordú, atá comhdhéanta de Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann agus an Phríomh-Oifig Staidrimh.

Tá obair ullmhúcháin, maidir le bheith ag dul le haicmiúchán gníomhaíochta *NACE REV. 2* i ngach suirbhé gnó agus maidir le húsáid an chláir ghnó a leathnú trasna gach suirbhé gnó, ag dul ar aghaidh go leanúnach. Tá sé i gceist aicmiúchán gníomhaíochta *NACE REV. 2* a chur chun feidhme, ar bhonn céimnithe, i ngach suirbhé gnó i rith 2009. Comhaontaíodh Rialachán an AE, lena leagadh amach ceanglais bheachta aicmiúcháin uasdátaithe *NACE*, i mí na Nollag 2006.

Ó thaobh cúrsaí inmheánacha de, lean muid ar aghaidh le leathnú a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta scanacháin chun foirmeacha suirbhéanna gnó a phróiseáil. Tá ár suirbhéanna ar an turasóireacht, an earnáil tionscail, ar sheirbhísí, ar an earnáil tógála agus an clár gnó san áireamh leis seo. Deartar gach suirbhé nua le haghaidh an scanacháin mar chuid den ghnáthamh. Ba é an tionscadal scanacháin staitisticí gnó ba mhó ná Suirbhé um Struchtúr Feirme Mheitheamh 2005, a raibh 80,000 feirm i gceist leis.

3.3.2 Seirbhísí, Tionscal agus Foirgníocht

Tá dul chun cinn maith déanta againn maidir leis na cuspóirí forbartha a leagadh amach i straitéis 2004-2006 agus baineadh na TFBeanna seo a leanas amach:

- Eisiúint mhíosúil nua ar an Taisteal Thar Lear a fhoilsiú ó thús 2004
- Eisiúint ráithiúil ar an Turasóireacht agus ar an Taisteal a fhoilsiú faoi cheann trí mhí
- Comhthionscadal a chur i gcrích le gníomhaireachtaí eile, faoi choimirce Chomhairle na Breataine-na hÉireann, chun dréacht-Chuntais Satailíte maidir leis an Turasóireacht a thiomsú faoi dheireadh 2004
- An sásra is fearr a dhéanamh amach i gcomhar le Forfás chun staitisticí an AE a tháirgeadh maidir leis an eolaíocht agus an nuáil
- An treoiruimhir athbhunaithe mhíosúil ar an táirgeacht tionscail (bonnbhliain 2000=100) a fhoilsiú faoi mhí Iúil 2004
- Tráthúlacht na heisiúna mionsonraithe míosúla ar staitisticí tionscail a fheabhsú, tríd an eisiúint a fhoilsiú faoi cheann 6 seachtaine ón mí tagartha, ó mhí Mheán Fómhair 2004.
- An tacar nua ar orduithe tionscail a thabhairt isteach faoi mhí Iúil 2004.

Chabhraigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i rith 2004 le comhthionscadal píolótach ar Chuntais Satailíte maidir leis an Turasóireacht, arna eagrú faoi chuimsiú chreat Chomhairle na Breataine - na hÉireann. Thug Ollscoil na hÉireann Corcaigh agus Ollscoil Luimnigh faoin anailís ar shonraí do Phoblacht na hÉireann agus faoi riachtanais ghaolmhara ó thaobh sonraí a aithint. I bhfianaise na hoibre seo, rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh athbhreithniú comhtháite ar ábhar agus ar mhodheolaíocht a suirbhéanna turasóireachta chun freastal ar raon níos leithne de riachtanais úsáideoirí. In 2005, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh níos mó mionsonraí ar an tír chónaithe lena staitisticí míosúla ar chuairteoirí go hÉireann. I gcúrsa na bhforbairtí seo, bhíodhas ar deireadh maidir le tráthúlacht na n-eisiúintí maidir leis an turasóireacht; chuir muid an titim siar ina cheart i rith 2006. Rinne muid ceistneoir níos mionsonraithe a phíolótú in 2006 freisin don Fhiosrúchán Turasóireachta ar Chártaí Paisinéirí.

Foilsíodh tuarascáil nua théamach faoin earnáil Fhoirgníochta i mí Iúil 2006¹. Foilsíodh an ceathrú heagrán den tuarascáil ar Staitisticí Shochaí na Faisnéise i mí na Nollag 2006, faoi mar a foilsíodh tuarascáil speisialta ar an Turasóireacht Intíre. Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh tuarascáil nua isteach faoi Mhionghnónna in Éirinn i mí na

¹ Príomh-Oifig Staidrimh (2006) An Fhoirgníocht agus Tithíocht in Éirinn

Bealtaine 2007 agus í ag freagairt do riachtanais le sonraí a d'aithin Fóram na Mionghnónna in 2006. Beidh sí seo ina tuarascáil bhliantúil agus beidh staitisticí níos mionsonraithe, a tarraingíodh as clár gnó na Príomh-Oifige Staidrimh agus as foinsí eile, san áireamh le heagráin amach anseo. Tá obair ullmhúcháin ag dul ar aghaidh go leanúnach le staitisticí, maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus áireachais, a fhorbairt i gcomhairle leis an Rialtóir Airgeadais. Samhlaítear go dtabharfar suirbhé nua ar chistí pinsin isteach in 2009, i gcomhairle leis an mBord Pinsean.

Aithníodh riachtanais an-mhionsonraithe le sonraí, i dtuarascáil an BNS ar *Riachtanais ó thaobh Polasaithe le Sonraí Staitistiúla ar Fhiontair*, a bhaineann le cúrsaí iompair agus moladh ann gur chóir go mbeadh sé ina thosaíocht ag an bPríomh-Oifig Staidrimh Suirbhé Naisiúnta Taistil a thabhairt isteach. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh anois ar an TFB maidir le dréacht-mhodheolaíocht a ullmhú le haghaidh suirbhé ar úsáid an ghluaisteáin i bhfianaise an mholta seo chomh maith le ceanglais níos leithne ó thaobh sonraí atá á mbeartú ag an gCoimisiún Eorpach maidir le staitisticí ar shoghluaisteacht phaisinéirí agus chiliméadair fheithiclí.

Tá an TFB, maidir leis an gclúdach a dhéantar ar na staitisticí struchtúracha bliantúla gnó a leathnú ar bhonn píolótach faoi 2006 go n-áireofar níos mó sonraí ar sheirbhísí neamh-mhargaidh (sláinte, oideachas agus riarachán poiblí), curtha ar athló ar feitheamh athbhreithnithe a bhfuiltear ag súil leis ón tionscadal feadh na hoifige chun an leagan nua d'aicmiúchán gníomhaíochta *NACE* an AE a chur chun feidhme.

Bhí dul chun cinn maidir le treoiruimhreacha ráithiúla nua a fhoilsiú i leith aschuir agus orduithe san earnáil tógála agus foirgníochta níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis; táthar ag súil áfach go bhfoilseofar iad seo in 2007.

3.3.3 Tuilleamh agus Costais Fhostaíochta

Tugadh suirbhé ráithiúil nua isteach i mí Dheireadh Fómhair 2005 ar thuilleamh, uaireanta agus ar chostais fhostaíochta (STUCF), lenar clúdaíodh na hearnálacha tionscail agus airgeadais ar dtús. Foilsíodh na chéad torthaí ráithiúla i mí Lúnasa 2007. Leathnófar an suirbhé amach chuig earnálacha eile agus sa deireadh, cuirfear é in ionad na suirbhéanna gearrthéarmacha ar thuilleamh atá ann cheana féin, go mbeidh táscairí, a chuimseoidh an eacnamaíocht ar fad, ann i leith threochtaí agus chomhábhar na dtuilleamh agus na gcostas saothair. Tá rogha tuairisceoireachta leictreonaí á fhorbairt faoi láthair, agus muid ag comhoibriú le cuideachtaí bogearraí párolla.

Tugadh faoi Shuirbhé ar Chostais Saothair in 2005 i leith na bliana 2004. Ní foláir an suirbhé a dhéanamh gach ceithre bliana faoi Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 530/1999. Soláthróidh an STUCF na figiúir seo ó 2008 ar aghaidh.

Tá an Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta, a réachtáladh den chéad uair in 2004, á dhéanamh ar bhonn bliantúil anois. Cuireadh mionsonraí ar Ag Leanúint ar Aghaidh le hOiliúint Ghairmoideachais, a cheanglaíonn Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1552/2005 orainn a bhailiú, san áireamh i suirbhé 2006. Tá próisis chomhairliúcháin curtha ar bun le húsáideoirí buntábhachtacha freisin lena chinntiú go dtugann ceisteanna an tsuirbhé aghaidh ar thopaicí ábhartha a bhaineann leis an láthair oibre. D'oibrigh an Phríomh-Oifig Staidrimh le Forfás ar an anailís ar an gceathrú Suirbhé ar an Nuáil Phobail agus tá sí ag comhoibriú le Forfás faoi láthair maidir le suirbhé 2006 a chur chun feidhme.

3.3.4 Staitisticí Talmhaíochta

Tugtar faisnéis, mar a bhí ag deireadh mhí an Mhárta 2007, sa phainéal seo a leanas maidir lena thráthúla is a eisíodh staitisticí agus a foilsíodh foilseacháin rialta i réimse na Staitisticí Talmhaíochta. Soláthraíonn sé seo an creat a bhíonn ina chúlra agus na Táscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha (TFBeanna) ó thaobh tráthúlachta á dtomhas.

Monatóir Tráthúlachta: Staitisticí Talmhaíochta					
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht		Tráthúlacht Reatha	
		Caighdeán Idirnáisiúnta	Targaid do 2006	Eagrán	Foilsithe faoi cheann
Talmhaíocht					
Praghasanna					
Ionchuir/Aschuir	Mí	7 scht	7 scht	Ean 2007	8 scht
Meastacháin Tosaigh	Bliain	g/t	-34 lá	2006	-66 lá
Iascach	Bliain	g/t	9 mí	2004	27 mí
Díolacháin Talún	Ráithe	g/t	21 scht	R1 2005	21 scht
Aschur, Ionchur, Ioncam					
Meastacháin Roimh Ré	Bliain	-4 scht	-3 scht	2005	-3 scht
Meastacháin Tosaigh	Bliain	4 scht	4 scht	2005	6 scht
Meastacháin Deiridh	Bliain	9 mí	6 mhí	2005	7 mí
Cuntais Réigiúnacha	Bliain	g/t	10 mí	2004	11 mhí
Suirbhé an Mheithimh ar Bharra agus ar Bheostoic					
Sealadach	Bliantúil	17 scht	16 scht	2005	17 scht
Deiridh	Bliantúil	10 mí	10 mí	2005	21 mhí
Saothar	Bliantúil	8 mí	11 mhí	2001-2002	11 mhí
Barra a Táirgeadh	Bliain	9 mí	5 mhí	2005	8 mí
Suirbhé na Nollag	Bliantúil	11 scht	10 scht	1 Noll 2005	12 scht

Líon an Tréada	Biennial	23 scht	15 mhí	1999 & 2001	14 mhí
Suirbhé an Mheithimh ar Mhuca	Bliantúil	11 scht	8 scht	2005	8 scht
Staitisticí Baine	Mí	45 lá	31 lá	Feabh 2007	30 lá
Suirbhé ar Thuilleamh	Triennial	g/t	7 mí	M. F. 2001	8 mí
Maruithe	Mí	8 scht	4 scht	Ean 2007	4 scht
Iarmhéideanna Soláthair					
Feoil	Bliantúil	g/t	7 mí	2002	7 mí
Bainne	Bliantúil	g/t	5 mhí	2005	9 mí
Gránaigh	Bliantúil	g/t	8 mí	2004-2005	8 mí

Reáchtáladh an Suirbhé um Struchtúr Feirme (SSF) de réir sceidil in 2005. Reáchtáladh suirbhéanna feirme an Mheithimh agus na Nollag de réir sceidil in 2006 freisin. Faoi mar a tugadh le fios i gCuid 3.3.1, bíonn na foirmeacha i gcomhair na suirbhéanna seo á scanadh anois seachas á gclóscríobh isteach i ríomhaire. Bhain tábhacht ar leith leis seo don SSF i mí Mheitheamh 2005, nuair a bhí sampla de thart faoi 80,000 foirm san áireamh sa suirbhé. Seachas an tÁireamh Talmhaíochta gach deich mbliana, is é an SSF an príomhshuirbhé struchtúrach ar mhórsála ar an talmhaíocht. Rinneadh torthaí shuirbhé 2005 a tharchur chuig *Eurostat* i mí na Bealtaine 2006 agus foilsíodh tuarascáil ar na príomhthreochtaí i struchtúr feirme ó áireamh Mheitheamh 2000 i mí Mheáin Fhómhair 2007.

Foilsíodh an Treoiruimhir Phraghasanna Talmhaíochta athbhunaithe agus na Cuntais Talmhaíochta (bonn 2000=100) i mí Aibreáin agus mí Mheitheamh 2004 faoi seach.

Táthar ag baint úsáide as foinsí sonraí riaracháin go forleathan cheana féin agus staitisticí talmhaíochta á dtiomsú. Déantar moltaí sonracha i dtuarascáil an BNS maidir le *Riachtanais ó thaobh Polasaithe le Sonraí Staitistiúla ar Fhiontair* go mbainfear úsáid níos mó as na foinsí seo. Chinn Coiste Bainistíochta Sinsearach na Príomh-Oifige Staidrimh i mí Eanáir 2006 gur chóir dul leis na foinsí ábhartha de shonraí riaracháin mar thomhais dheifnídeacha de ghníomhaíocht iomlán sa talmhaíocht agus gur chóir dúinn an bealach a fhorbrófar suirbhéanna an Mheithimh agus na Nollag amach anseo a phleanáil dá réir. Tá na pleananna seo le húsáid níos mó a bhaint as sonraí riaracháin á bhforbairt faoi láthair. Cabhróidh sé seo le pleananna amach anseo, le haghaidh Áirimh Talmhaíochta in 2010 agus staitisticí maidir leis an bhforbairt tuaithe, a mhúnlú freisin.

Tá an TFB, maidir le hanailís ar ioncaim na dteaghlach talmhaíochta a fhoilsiú faoi Iúil 2004, curtha ar athló toisc go mbeidh sonraí ó Shuirbhé Buiséid Teaghlaigh 2004/2005 ina gcuid den obair seo anois. Foilsíodh an Suirbhé sin i mí Iúil 2007.

Caibidil 4: Cláir Tacaíochta Gnó

4.1 Riarachán agus Airgeadas

Clúdaíonn an clár seo raon de sheirbhísí inmheánacha agus seachtracha buntábhachtacha. Tá an obair le foirgnimh agus áiseanna na Príomh-Oifige Staidrimh a bhainistiú san áireamh leo seo chomh maith le cúrsaí airgeadais a bhainistiú, clóchuradóireacht, clódóireacht agus seirbhísí inmheánacha eile. Do chustaiméirí seachtracha, bainistíonn ár Rannóg Faisnéise an obair a bhaineann le breis is 200 eisiúint agus foilseachán staitistiúil a eisiúint gach bliain agus freagraíonn sí raon leathan ceisteanna ón bpobal.

Ba é an t-ollchaiteachas sa Rannán Riaracháin agus Airgeadais le haghaidh 2006 ná €3,343,000. Miondealaítear caiteachas 2006 mar seo a leanas.

2006	Riarachán & Airgeadas €000
A1 Turastail, Pánna agus Liúntais	2,623
A2 Taisteal agus Cothú	30
A3 Fochostais	83
A4 Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáidí	49
A5 Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	396
A6 Speansais maidir le háitribh Oifige	162
Ollchaiteachas	3,343
A9 Leithghabhálacha-i-gCabhair	23
Glanchaiteachas	3,320

Nótaí: (1) Tá caiteachas áirithe a tharraing réimsí tacaíochta gnó orthu féin, mar shampla postas & teileachumarsáidí, innealra oifige agus speansais maidir le háitribh agus oiliúint, san áireamh sna figiúir thuas.

4.1.1 Seirbhís do Chustaiméirí

Tugann an clár seo tacaíocht le táirgí agus seirbhísí staitistiúla ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí ar fad feadh raoin iomláin ár ngníomhaíochtaí. Tá an iliomad pointe teagmhála ann leis an bpobal– ár Rannóg Faisnéise, an Deasc Chabhrach um Thrádáil Sheachtrach, Fiosrúcháin maidir leis an Daonáireamh, agus go leor réimsí eile a bhaineann le staitisticí. Féachann siad ar fad le freagairt phras chabhrach a thabhairt ar iarratais ar staitisticí agus le déileáil go cúirtéiseach lenár soláthraithe sonraí.

Bhí dul chun cinn sásúil maidir leis na cláir chun na TFBeanna seo a leanas a chur chun feidhme, ar pléadh lena bhformhór cheana féin. Leanfar ar aghaidh leo seo a mheas mar thosaíochtaí:

- Leanúint ar aghaidh le bheith ag cloí leis na caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí arna n-aithint i bPleananna na Príomh-Oifige Staidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí
- Meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne na gcaighdeán seo agus dul chun cinn a thuairisciú inár dTuarascálacha Bliantúla
- Leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar ábhar agus ar leagan amach ár bhfoilseachán
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar mar atá feabhsuithe á mbaint amach ó thaobh tráthúlachta, raoin agus tréimhsiúlachta arna n-aithint inár dtáblaí dar teideal ‘monatóir na tráthúlachta’.

Foilsíodh ár bPlean um Sheirbhís do Chustaiméirí in 2004 agus foilsíodh an Plean Aicsein is déanaí dár gcuid um Sheirbhís do Chustaiméirí, le haghaidh 2007-2009, i mí Mheitheamh 2007. Léiríonn an chairt agus an plean an bhéim atá ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí inár ráiteas misin chomh maith lenár spriocanna ardleibhéil. Tá an fo-choiste Comhpháirtíochta um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC), a cuireadh le chéile an athuair in 2004, ag obair go gníomhach chun cabhrú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí.

Tá dul chun cinn maith déanta againn freisin maidir lenár ngealltanais i leith seirbhíse do chustaiméirí inmheánacha. Reáchtáladh suirbhé ar shásamh na gcustaiméirí inmheánacha i mí an Mhárta 2004 agus rinneadh tuairisciú ar na torthaí i mí Mheitheamh 2004. Tá úsáid á baint as an aiseolas chun leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar na hardchaighdeáin

seirbhíse ar a bhfuil ár n-úsáideoirí inmheánacha cleachtaithe le bheith ag súil ón Rannán Riaracháin agus Airgeadais.

De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, foilsíodh an scéim, lenar leagadh amach na seirbhísí atá le soláthar sa dá theanga oifigiúla, i mí na Samhna 2007.

4.1.2 Faisnéis Bhainistíochta

Ba é an ní ar ar leagadh béim i gcaitheamh ré na straitéise ná a chinntiú go bhfaighfí luach ar airgead agus úsáid á baint as acmhainní chun staitisticí tráthúla ardchaighdeáin a tháirgeadh.

I rith chúrsa na hiar-cháipéise straitéise, d'fhorbraíomar bonn slán chun sonraí airgeadais a ghabháil ar bhealach ciallmhar agus tá feabhas curtha againn dá thoradh sin ar an úsáid a bhaintear as faisnéis airgeadais chun cabhrú le cinní a dhéanamh, le bainistíocht agus leis an mbealach a leithdháiltear acmhainní.

Cuireadh tionscadal na Príomh-Oifige Staidrimh fán gCreat Faisnéise Bainistíochta i gcrích in 2005 agus mar chuid de, suiteáladh córais uasghrádaithe Teicneolaíochta Faisnéise airgeadais agus forbraíodh agus úsáideadh gnéithe breisithe na gcóras seo chun ár dtuarascálacha bainistíochta a fheabhsú. I gcomhuain leis seo, scrúdaigh ár nGrúpa um Tháscairí Feidhmíochta an bealach go bhféadfaimis tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar an mbealach a dhéanaimid faisnéis maidir le feidhmíocht a stóráil agus a aisghabháil; chomh maith leis an scóip i gcomhair táscairí nua a léireoidh ár spriocanna ardleibhéil.

Ag tús 2006, thug an grúpa seo teimpléad nua le haghaidh cáipéisí isteach i gcomhair na gcruinnithe pleanála straitéisí a tharlaíonn faoi dhó gach bliain idir gach Ceann Rannáin agus an Coiste Bainistíochta Sinsearaí. Tá ráiteas achomair ar thosaíochtaí na rannán san áireamh leis an teimpléad seo, chomh maith le faisnéis maidir le soláthar agus costais foirne, TFBeanna na rannán, clár rioscaí na rannán, agus faisnéis ar an gcomhairliúchán leis an bhfoireann. Cur chuige comhtháthaithe is ea é seo i leith acmhainní agus aschur, ar aon dul leis an smaointeoireacht is bonn leis an gCreat Faisnéise Bainistíochta.

Chuir muid an obair le córas breisithe bainistíochta airgeadais a fhorbairt, le cumas tuairisceoireacht a dhéanamh de réir chuntasaíocht na bhfabhrúithe, i gcrích go luath in 2007. Treorófar an úsáid iarbhir a bhainfear as cuntasaíocht na bhfabhrúithe de réir caighdeáin chuntasaíochta, a fhorbrófar go lárnach, agus pé tráth a réachtáilfear tionscadal píolótach idir-rannach atá beartaithe maidir le cuntasaíocht na bhfabhrúithe.

D'éirigh leis an obair le hathbhreithniú ó thaobh caiteachais a dhéanamh ar stiúthóireacht na staitisticí sóisialta agus déimeagrafacha in 2004 agus tá athbhreithniú cosúil leis ar siúl faoi láthair i stiúthóireacht na staitisticí gnó. Ach iad a bheith curtha i gcrích, scrúdófar na moltaí san athbhreithniú seo d'fhonn iad a chur chun feidhme amach anseo.

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh moltaí na Meithle ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na gCeann Oifige chun feidhme ina n-iomláine in 2005. Tá bainistíocht rioscaí tugtha isteach agus curtha ina cuid de chórais bhainistíochta atá ann cheana féin. Tiomsaíodh cláir um rioscaí corparáideacha agus rannánacha agus neadaíodh iad isteach sa phróiseas pleanála gnó i rith 2005.

4.1.3 Timpeallacht Oibre na Príomh-Oifige Staidrimh

Tá sé ina pholasaí againn freagairt go pras do shaincheisteanna ó thaobh na timpeallachta oibre agus cur chuige comhoibritheach córasach a chur chun cinn i leith a bheith ag forbairt agus ag doimhniú feasacht na heagraíochta ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht.

Tá timpeallacht oibre shábháilte ardchaighdeán á choinneáil ar bun agus an bhainistíocht agus an fhoireann ag oibriú i gcomhar lena chéile tríd an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ag an Obair. Rinneadh dul chun cinn maith i dtreo na cláir, leis na TFBeanna seo a leanas a chur chun feidhme, a chomhlíonadh. Leanfar ar aghaidh leis na míreanna seo a mheas mar thosaíochtaí amach anseo:

- Leanúint ar aghaidh le agus cur leis an straitéis atá againn cheana féin i leith an tsábháilteacht a bhainistiú
- An bealach a chomhlíontar ár Ráitis Sábháilteachta, a bhainistiú agus tacú le riachtanais na nIonadaithe Sábháilteachta agus bhaill an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa
- Na Ráitis Sábháilteachta agus an mheasúnacht ar rioscaí a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá agus athbhreithniú a dhéanamh orthu go débhlíantúil.

Leanamar ar aghaidh lenár gcóiríocht agus ár mbonneagar eile a chothabháil agus a athfheistiú ar bhonn timthriallach in 2006 agus ceanglais ó thaobh buiséid agus ceanglais eile á gcur san áireamh. Leanfar ar aghaidh leis an straitéis seo chun timpeallacht mhaith oibre a choinneáil ar bun i mblianta amach anseo freisin.

Tugtar faisnéis, mar a bhí ag deireadh mhí an Mhárta 2007, sa phainéal seo a leanas maidir lena thráthúla is a eisíodh staitisticí corparáideacha agus a foilsíodh foilseacháin rialta. Soláthraíonn sé seo an creat a bhíonn ina chúlra agus na Táscairí Feidhmíochta

Buntábhachtacha (TFBeanna) ó thaobh tráthúlachta á dtomhas.

Monatóir Tráthúlachta: Tréimhseacháin Staitistiúla Ghinearálta					
Foilseachán	Minicíocht	Tráthúlacht		Current Timeliness	
		Caighdeán Idirnáisiúnta	Targaid do 2006	Eagrán	Foilsithe faoi cheann
Tréimhseacháin					
Blian-Iris Staidrimh Bliantúil	Bliain	g/t	Samhain	2006	D.F. 2006
Forás na hÉireann faoi Mheas	Bliain	g/t	Feabhra ¹	2005	Meitheamh 2006
Mná agus Fir in Éirinn	Bliain	g/t	Nollaig	2006	Nollaig 2006
Éire Thuaidh agus Theas	Anois is arís	g/t	Gan taifead	g/t	g/t
Staitisticí maidir le Sochaí na Faisnéise	Bliain	g/t	Samhain	2006	Nollaig 2006
Treoir maidir le foilseacháin na Príomh-Oifige Staidrimh	Bliain	g/t	Márta	2005	Lúnasa 2005

¹ Bainfear clúdach níos iomláine amach ach moill a chur air go dtí mí Feabhra na bliana dar gcionn.

4.2 Acmhainní Daonna

Clúdaíonn an clár seo seirbhísí Acmhainní Daonna agus tacaíochta riaracháin don Oifig. Tá an *Straitéis Acmhainní Daonna*; earcaíocht foirne; oiliúint agus forbairt; caidrimh tionscail agus riaradh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha fostaíochta foirne sna áireamh leo seo. Soláthraítear faisnéis, maidir le socruithe faoi obair a roinnt agus comhionannas inscne sa Phríomh-Oifig Staidrimh, in Aguisín 2.

Ba é an t-ollchaitheachas sa Rannán Acmhainní Daonna le haghaidh 2006 ná €1,680,000. Miondealaítear caiteachas 2006 mar seo a leanas.

2006	Acmhainní Daonna €000
A1 Turastail, Pánna agus Liúntais	1,297
A2 Taisteal agus Cothú	45
A3 Fochostais	88
A4 Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáidí	20
A5 Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	163
A6 Speansais maidir le háitribh Oifige	67
Ollchaitheachas	1,680
A9 Leithghabhálacha-i-gCabhair	2
Glancaitheachas	1,678

Nótaí: (1) Tá caiteachas áirithe a tharraing réimsí tacaíochta gnó orthu féin, mar shampla, postas & Teileachumarsáidí, innealra oifige agus speansais maidir le háitribh agus oiliúint, san áireamh sna figiúir thuas.

4.2.1 Feidhmíocht a Bhainistiú agus an Fhoireann a Fhorbairt

Tá acmhainní nach beag tugtha suas don oiliúint agus don fhorbairt le blianta beaga anuas. Ba ionann an tsuim seo in 2006 agus €1,228,244, arbh ionann é agus breis is 3.5% den phárolla. Is é ár n-aidhm ná 4% den phárolla a chaitheamh ar oiliúint éifeachtach spriocdhírthe. Síníodh conradh le gnólacht oiliúna ghairmiúil in 2006 le hoiliúint, chun bainistíocht a fhorbairt, a sholáthar go leanúnach chomh maith le riachtanais oiliúna sonracha eile d'fhoireann na Príomh-Oifige Staidrimh. Táthar ag súil, trína bheith ag obair le heagraíocht sheachtrach ar an gcaoi seo, go soláthróidh sin an deis dár bhfoireann oiliúna inmheánach le staidéar a dhéanamh ar mhodhanna agus smaointe oiliúna difriúla ar féidir a chur in oiriúint le húsáid in ár gclár oiliúna inmheánach. Leanfaimid ar aghaidh le cláir oiliúna a aithint a fhreagraíonn dár riachtanais fhorbartha indibhidiúla agus do riachtanais fhorbartha na heagraíochta.

Rinneadh athbhreithniú agus tuilleadh forbartha in 2004 ar chomhpháirt na TF den chlár ionductúcháin do bhaill foirne nua agus tá sé á chur chun feidhme ar bhonn leanúnach anois do dhaoine nua a thagann isteach ar fhoireann na Príomh-Oifige Staidrimh. Bunaíodh ról leanúnach maidir le tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise staitistiúla in 2005 agus tá cúrsaí oiliúna inmheánacha sa TF ullmhaithe agus seachadta. Tá modúl oiliúna ar-líne ina chuid den Chóras nua TF le Sonraí a Bhainistiú freisin (féach Cuid 4.3.1).

Forbraíodh cúrsa staitistiúil ginearálta in 2004 agus tá modúil, maidir le Teicnící le Sonraí a Chur i Láthair agus Treoiruimhreacha, Coigeartuithe Séasúracha agus Cuntais Náisiúnta, seachadta mar chuid den chlár foriomlán cúrsaí ar thopaicí staitistiúla. Forbraíodh cúrsa oiliúna inmheánach i rith 2006 sa teoiric staitisticí i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Corcaigh. Leanfar ar aghaidh le forbairt bhreise an chláir oiliúna staitistiúil a áireamh mar thosaíocht amach anseo.

Bhí Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) na Státseirbhíse ag croílár na hoibre maidir le feidhmíocht a bhainistiú agus an fhoireann a fhorbairt sa Phríomh-Oifig Staidrimh ó tugadh isteach in 2001 é. D'éirigh le hiarrachtaí le hAiseolas Aníos (.i. ó shealbhóir poist go dtí maoirseoir) a thabhairt isteach in 2004. Tá dul chun cinn maith déanta i dtreo CBFF a chomhtháthú le próisis eile a bhaineann le hAcmhainní Daonna, lena n-áirítear próisis mheasúnachta. Coththáthaíodh measúnachtaí CBFF go hiomlán le híocaíochtaí incriminte agus arduithe céime chuig scálaí níos airde i mí Eanáir 2007. Táthar ag tabhairt faoin gclár seo mar chuid de ghealltanas na Príomh-Oifige Staidrimh leis an gcóras a fhorbairt agus a neadú tuilleadh, ar aon dul le forbairtí lárnacha agus riachtanais na Príomh-Oifige Staidrimh.

4.2.2 Nuachóiriú agus Athruithe sa Phríomh-Oifig Staidrimh

Tá méadú nach beag tagtha ar líon na bhfolúntas le haghaidh arduithe céime a líontar de bharr comórtas arna mbunú ar fhiúntas, bunaithe ar na hinniúlachtaí a bheidh ag teastáil don phost. Chun tacú le córais ardaithe céime, a bheidh bunaithe ar inniúlacht, a chur chun feidhme, táthar tar éis oiliúint i dteicnící agallóireachta struchtúrtha a chur ar roinnt ball foirne buntábhachtacha ar leibhéal an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin agus os a chionn sin. Reáchtáladh ceithre chomórtas inmheánacha i rith 2006 agus úsáid á baint as an agallóireacht bunaithe ar inniúlacht agus ceapadh iarrthóirí ar éirigh leo i raon post idir leibhéal Ardoifigigh Fheidhmiúcháin agus na gCeann Roinne.

Fuarthas ceadúnais earcaíochta in 2005 ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ionas go mbeidh an Oifig in ann leas a bhaint as na deiseanna maidir le hearcaíocht dhíreach a sholáthraítear leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Tá clár oibre dúshlánach um athruithe agus nuachóiriú tugtha don Státseirbhís leis an gcomhaontú *I dTreo 2016*. Déanann an comhaontú socrú i dtaobh saincheistanna a thabhairt chun cinn ar bhonn Státseirbhíse agus ar bhonn Roinne/Oifige indibhidiúla. Tá na comhaontuithe lárnacha maidir leis an gclár um nua-chóiriú na státseirbhíse atá in *I dTreo 2016* á gcur chun feidhme ar bhonn leanúnach againn.

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh plean aicsin faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (GFFS) i mí Dheiridh Fhómhair 2006 chun an t-athrú atá ag teacht ar thosaíochtaí agus na dúshláin atá roimh an bPríomh-Oifig Staidrimh i gcaitheamh na tréimhse go dtí Meán Fómhair 2008 a léiriú. Sonraíodh na réimsí seo a leanas ach go háirithe sa phlean aicsin mar réimsí ar tosaíochtaí iad a nua-chóiriú:

- Na héilimh ar staitisticí, a leagadh amach in *I dTreo 2016*, a chomhlíonadh
- Acmhainneacht Staitistiúil na dTaifead Riaracháin (ASTR) a fhorbairt tuilleadh
- Straitéis TF na Príomh-Oifige Staidrimh a chur chun feidhme agus a thabhairt ar aghaidh tuilleadh
- R-Rialtas agus réitigh TF, le haghaidh sonraí a chraobhscaoileadh agus sonraí a bhailiú, a fhorbairt tuilleadh
- Na scileanna agus an oiliúint, a bhíonn ag teastáil ag seirbhís staitistiúil nua-aimseartha, a fhorbairt

- Cód Cleachtais Chóras Staitistiúil na hEorpa, le haghaidh staitisticí oifigiúla, a chur chun feidhme
- Próisis agus struchtúir nua oibre a aithint agus a chur chun feidhme
- Úsáid a bhaint as faisnéis bhainistíochta ábhartha go leanúnach.

Ceanglaítear orainn tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn an phlean aicsin a chur ar fáil don GFFS. D'éirigh leis an Oifig turascáil amháin ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid an ghrúpa in 2006.

Faoi gcomhaontú a bhí ann roimhe seo, *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, cuireadh plean aicsin faoi bhráid an GFFS in 2003 maidir le gealltanais a bhaineann leis an Oifig. Rinneadh athbhreithniú ar an bplean seo in 2004, tar éis an *Athbhreithnithe Lárthearma ar Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, chun fad breise an chomhaontaithe a léiriú chomh maith leis an athrú atá ag teacht ar thosaíochtaí agus na dúshláin a bhí roimh an bPríomh-Oifig Staidrimh i gcaitheamh na tréimhse go dtí Meitheamh 2006. Ceanglaíodh ar an bPríomh-Oifig Staidrimh, mar chuid de na ceanglais tuairisceoireachta, tuarascálacha ar dhul chun cinn i leith an phlean aicsin a chur ar fáil don GFFS freisin. D'éirigh leis an Oifig sé thurascáil ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid an ghrúpa.

Faoi mar a luadh roimhe seo, tá idirbheartaíocht á déanamh ar bhonn leanúnach againn maidir le saincheistanna faoi athruithe agus an nua-chóiriú san Oifig agus táimid ag cur na saincheistanna sin chun feidhme go leanúnach. San áireamh leis seo in 2005, mar shampla, bhí comhaontú ag an gCoiste Comhpháirtíochta maidir le polasaí Oifige le haghaidh feidhmíocht a fheabhsú agus tearcfheidhmíocht a bhainistiú sa Phríomh-Oifig Staidrimh.

4.2.3 Straitéis agus Polasaithe um AD a Chur Chun Feidhme

Forbraíodh *Straitéis um Acmhainní Daonna* don Oifig tríd an bpróiseas Comhpháirtíochta agus foilsíodh an straitéis in 2004. Baineann an straitéis um AD le:

- Earcaíocht, roghnúchán agus an próiseas maidir le hearcaithe a bheith ar promhadh
- Oiliúint agus forbairt
- An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

- Comhionannas agus éagsúlacht
- Soghluaisteacht
- Sláinte, sábháilteacht agus leas ag an obair
- Tacaithe d'fhostaithe
- Cumarsáidí
- Comhpháirtíocht.

Tá obair ar siúl go leanúnach le tacar comhleanúnach de pholasaithe agus ghníomhartha a fhorbairt maidir le gach ceann de na téamaí seo chun an straitéis a chur chun feidhme. Leanfar ar aghaidh leis an mír seo a áireamh mar thosaíocht amach anseo.

4.2.4 Comhpháirtíocht

Is é cuspóir an Choiste Chomhpháirtíochta ná obair na Príomh-Oifige Staidrimh a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn trí chaidrimh san ionad oibre a bheidh bunaithe ar an gcomh-mheas, ar thuiscint, ar iontaoibh agus ar an bhfreagracht roinnte.

D'imir an Coiste Chomhpháirtíochta ról gníomhach in 2005 maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith *Ráiteas Straitéise 2004-2006*. Phléigh agus d'fhaomh an Coiste plan aicsin na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le gealltanais ón Oifig a tháinig de bharr *I dTreó 2016*. Phléigh an Coiste na tuarascálacha ar dhul chun cinn do GFFS freisin maidir le plan aicsin athbhreithnithe na Príomh-Oifige Staidrimh i dtaobh na ngealltanais ón Oifig a tháinig de bharr *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*. Ar nithe eile a pléadh ag comhpháirtíocht in 2006 bhí: CBFF a chur isteach ina chuid de phróisis AD eile; scéim chreidiúnúcháin FÁS 'Sármhaitheas trí Dhaoine'; sláinte agus sábháilteacht; comhionannas agus éagsúlacht; suirbhé ar dhearcaí na foirne san Oifig; aeróg 3G a shuiteáil ar oifig na Príomh-Oifige Staidrimh ar Bhóthar Bhaile Átha Fhirdhia i mBaile Átha Cliath; agus seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí. Reáchtáil an Coiste comhchruinniú leis an mBord Náisiúnta Staidrimh i mí Mheáin Fómhair 2006.

D'fhreastail baill an Choiste ar chlár um oiliúint agus athbhreithniú ar an gcomhpháirtíocht sa chuid deiridh de 2006. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an mbealach a fheidhmítear é agus ar a fho-choistí chomh maith agus tá roinnt gníomhartha curtha i bhfeidhm chun a éifeachtacht a fheabhsú.

Tacaíonn na fo-choistí gníomhacha seo a leanas le hobair an Choiste:

- Coiste um Oiliúint agus Fhorbairt na Foirne
- Coiste um Shábháilteacht, Shláinte & Leas
- Grúpa um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Fo-Choiste um Athbhreithniú ar Ghradaim le haghaidh Sárfeidhmíochta
- Fo-Choiste um Chumarsáidí sa Phríomh-Oifig Staidrimh
- Fo-Choiste um Chomhionannas agus Éagsúlacht
- Coiste Forbartha na Gaeilge

4.3 Faisnéisíocht agus Modheolaíocht

Clúdaíonn an clár seo an obair le hinfrastruchtúr agus feidhmchláir TF na Príomh-Oifige Staidrimh a chothabháil agus a fhorbairt; tionscnaimh r-Rialtais na hOifige; oiliúint agus seirbhísí tacaíochta TF a sholáthar; an bhainistíocht tionscadal; cáilíocht a dhearbhu agus iniúchóireacht inmheánach agus modhanna staitistiúla a fhorbairt.

Tá a cuid córas faisnéise agus ailtireachtaí teicniúla á n-athdhearadh ag an Oifig faoi láthair. Thosaigh an tionscadal seo in 1999 nuair a foilsíodh ár straitéisí um TF agus um shonraí a bhainistiú, lenar samhlaíodh próiseas lenar bhain dhá chéim leis na straitéisí a chur chun feidhme. Is éard a bhí i gceist leis an gcéad chéim ná an bonneagar a uasghrádú chuig crua-earraí a fhreastalaíonn ar an gcliant, rud a d'éirigh linn a chur i gcrích i lár 2001. Tá obair san áireamh leis an dara céim, ar a dtugtar an Clár Straitéiseach um Teicneolaíocht Faisnéise a Chur Chun Feidhme (CSTFCCF) chun feidhmchláir bhogearraí uile na Príomh-Oifige Staidrimh a atheagrú, á bhfágáil ríomhchumasaithe agus ag aistriú ón timpeallacht *VAX OpenVMS*. Is é aidhm fhoriomlán an tionscadail ná creat a bhunú ónar mbeifear in ann na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig dá custaiméirí agus dá freagróirí, a fheabhsú agus a leathnú.

Ba é an t-ollchaiteachas i réimse na Faisnéisíochta agus Modheolaíochta le haghaidh 2006 ná €8,968,000. Miondealaítear caiteachas 2006 de réir na Rannán mar seo a leanas:

2006	Córais Chorparáid -eacha €000	Seirbhísí TF a Sheachadadh €000	r-Rialtais & Gnó a Chomhordú €000	MFS, Cáilíocht a Dhearbhú/ Iniúcháireacht & CSTFCCF €000	Iomlán Faisnéisíochta & Modheolaíochta €000
A1 Turastail, Pánna agus Liúntais	1,093	1,438	1,357	1,193	5,081
A2 Taisteal agus Cothú	13	20	29	36	98
A3 Fochostais	84	95	19	240	438
A4 Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáidí	21	24	23	3	71
A5 Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	150	211	175	2,286	2,822
A6 Speansais maidir le hÁitribh Oifige	74	83	77	11	245
A7 Seirbhísí Sainchomhairliúcháin	68	145	–	–	213
Ollchaitheachas	1,503	2,016	1,680	3,769	8,968
A9 Leithghabhálacha-i-gCabhair	–	1	15	–	16
Glanchaitheachas	1,503	2,015	1,665	3,769	8,952

Nótaí: (1) Tá caiteachas áirithe a tharraing réimsí tacaíochta gnó orthu féin, mar shampla, postas &teileachumarsáidí, innealra oifige agus speansais maidir le háitribh agus oiliúint, san áireamh sna figiúir thuas.

4.3.1 An Clár Straitéiseach um Teicneolaíocht Faisnéise a Chur Chun Feidhme

Tá dul chun cinn sásúil déanta maidir leis an tionscadal seo, ar cuireadh tús lena chéim deiridh i mí na Samhna 2003, agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é in 2008.

Is é an príomh-aschur a bheidh ann ná Córas Bainistíochta Sonraí (CBS) lena ndéanfar nasc le córais ilchainéal le sonraí a bhailiú agus a chraobhscaoileadh. Cuireadh an tástáil, ó thaobh cén glacadh a bheadh ag úsáideoirí leis, i gcrích go foirmiúil i mí Dheiridh Fhómhair 2006. Cuireadh tús leis an obair, le próiseáil na suirbhéanna a aistriú go dtí an córas nua, ar bhonn céimnithe i bhFómhar 2007.

Tá struchtúr eagrúcháin athbhreithnithe ag tacú leis an timpeallacht nua TF freisin. Chuathas le Plean um Rialachas agus Aistriú TF i rith 2004 agus tá struchtúr rannánach nua curtha i bhfeidhm laistigh den Stiúrtóireacht TF. Léiríonn an struchtúr seo riachtanais na gcóras nua TF i ndáil le bunachair shonraí a riaradh, córais a dhearadh/sonraí a shamhaltú, agus sonraí a chraobhscaoileadh. Tá obair tugtha ar aghaidh cuid mhór le creat, atá bunaithe ar an *ITIL*, a chur chun feidhme leis an gcóras ginearálta TF a chur le chéile agus a eagrú agus le hathruithe agus eisiúintí a bhainistiú. Cabhróidh an cur chuige seo lena chinntiú go soláthróidh ár seirbhísí inmheánacha TF seirbhís chomhordaithe éifeachtach a bheidh dírithe ar riachtanais ghnó. Tacaíonn Bord Comhairleach inmheánach um Athruithe le fócas gnó ár seirbhísí TF. Cuireadh an bord sin ar bun ag tús 2007.

4.3.2 Clár Gnó

Tá mír nua ar an roghchlár, le go mbeifear in ann sampláil a dhéanamh ón gclár gnó, curtha isteach ina cuid den Chóras Bainistíochta Sonraí. Tá seo deartha ionas go mbeifear in ann roghnúireacht shamplach, le haghaidh suirbhéanna ar ghnónna de réir earnála, a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla agus chun ualach na tuairisceoireachta ar ghnónna a spré ar bhealach níos cothroime. Tabharfar isteach é nuair a thagann an CBS i bhfeidhm in 2007.

Bhí dul chun cinn, maidir le hobair le hábhair an chlár ghnó a ailíniú ar bhonn céimnithe le sonraí ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, níos moille ná mar a bhíothas ag súil. Is é cuspóir an tionscadail ná cáilíocht na sonraí a stóráiltear air a fheabhsú agus an cháilíocht sin a choinneáil ar bun ina dhiaidh sin. Táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é in 2008 áfach. Tá obair ar siúl go leanúnach i ndáil leis an gClár a fhorbairt ar aon dul le ceanglais an AE.

Cuireadh moill ar leibhéal an AE ar an rialachán lenar cuireadh leagan nua ar bun d'aicmiúchán gníomhaíochta eacnamaíochta an AE, *NACE*. Dá thoradh sin, ní raibh sé indéanta a thuilleadh gníomhaíocht gach aonad staitistiúil ar an gClár Gnó a aicmiú de réir leagan nua *NACE* faoi Nollaig 2006. Is é Eanáir 2008 an spriocdháta athbhreithnithe lena chur chun feidhme.

4.3.3 Aicmiúcháin

Leanamar ar aghaidh in 2006 le cur leis an tionscadal um Acmhainneacht Staitistiúil na dTaifead Riaracháin (ASTR) chun na haicmiúcháin a úsáideann ranna agus gníomhaireachtaí rialtais a mheasúnú agus chun aicmiúcháin, nach mór a chaighdeánú, a aithint. Faoi mar a luadh roimhe seo, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh rannpháirteach go gníomhach i roinnt tionscadal staitistiúil nua le Ranna eile, rud a chrabhróidh le caighdeán a chur chun cinn d'aicmiúcháin staitistiúla (lena n-áirítear cóid tíreolaíochta) agus le hobair le sonraí a chomhtháthú. Chuir muid bunú agus úsáid aitheantas caighdeánach pearsanta agus gnó (lena n-áirítear an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) chun cinn freisin i gcomhaid sonraí ábhartha gach roinn Rialtais, trí láithreoireachtaí agus trí chomhairle a sholáthar do ranna.

Cuireadh obair maidir le bheith ag dul le haicmiúcháin chaighdeánacha nua ar athló in 2005 agus 2006, mar gheall ar an ngá le tosaíocht a dhéanamh den uasghrádú ar na haicmiúcháin atá sa chóras aicmiúchán agus caighdeán gaolmhar (CACG), mar chuid den athfhorbairt ar chórais a cuireadh isteach ina cuid den phlean chun an Straitéis TF a chur chun feidhme.

Faoi mar a luadh roimhe seo, tá leagan nua d'aicmiúchán gníomhaíochta eacnamaíochta an AE, *NACE*, forbartha lena gcomhtháthaítear athruithe móra ón aicmiúchán reatha. Tá tionscadal, a chuimsíonn an oifig ar fad, ar siúl ó Mheán Fómhair 2005 chun ullmhúchán a dhéanamh lena chur chun feidhme faoi Eanáir 2008.

4.3.4 Sonraí a Ghabháil go Leictreonach

Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh in 2006 le bheith ag obair le *REACH* chun r-Rialtas a chur chun feidhme. Baineann an Phríomh-Oifig Staidrimh úsáid as Seirbhís Teachtaireachtaí Idir Gníomhaireachtaí *REACH* chun sonraí maidir le breitheanna agus básanna a fháil ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin. Leanadh ar aghaidh le háis an Bhosca Taisce Daingin a sholáthar i rith 2006 le sonraí a bhailiú. Soláthraíonn an áis seo meicníocht shlán le comhaid leictreonacha a sheoladh chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh ar an Idirlíon agus baineann freagróirí ón saol gnó agus ón earnáil phoiblí úsáid as go forleathan. Tá an Oifig rannpháirteach go gníomhach le Teanga Tuairisceoireachta Gnó Infhairsingithe (*XBRL*) a fhorbairt in Éirinn freisin, teanga le haghaidh faisnéis airgeadais a thuairisciú, a bhfuil sé d'acmhainneacht aici an t-ualach tuairisceoireachta ar ghnónna a líomhchóiriú agus a mhaolú. D'éirigh le hiarrachtaí úsáid *XBRL* a phiólútú i gceann de na suirbhéanna ráithiúla tionscail sa chéad leath de 2005. Ba é seo an chéad uair a cuireadh *XBRL* chun feidhme beo in Éirinn. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag forbairt roghanna tuairisceoireachta leictreonaí freisin don suirbhé ráithiúil ar thuilleamh (STUCF), i gcomhar le cuideachtaí bogearraí párolla, agus táthar ag súil go mbeidh siad seo ar fáil in 2008.

Faoi mar a luadh roimhe seo, imscrúdaíodh a indéanta is a bheadh sé úsáid a bhaint as Agallóireacht Ríomh-Chuidithe Teileafóin i gcomhair an SNTR, agus cáilíocht shonraí an tsuirbhé a choinneáil ar bun ag an am céanna, i gcomhthéacs an Straitéis TF a chur chun feidhme. Cinneadh gan dul ar aghaidh sa treo seo áfach agus gach rud á chur san áireamh.

Baineadh na tionscadail arna n-aithint i bPlean Aicisin an Rialtais maidir le Sochaí na Faisnéise – *Naisc Nua* – amach in 2004. Cuireadh an obair le torthaí an Daonáirimh a chraobhscaoileadh ar-líne i gcrích de réir a targaide i mí Aibreáin 2004 agus cuireadh an próiseas, le sonraí a chur isteach ar-líne le haghaidh fiosrúcháin maidir le talmhaíocht agus seirbhísí, chun feidhme amach in 2003.

Faoi mar a luadh in áiteanna eile, rinneadh dul chun cinn maith in 2005 maidir le leathnú a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta scanacháin chun suirbhéanna a phróiseáil. Tá foirmeacha suirbhé, amhail an Suirbhé ar Chostais Saothair, deartha lena scanadh agus tá an scanachán tugtha isteach freisin, mar shampla, sna suirbhéanna ar an Turasóireacht, ar an Earnáil Tionscail, ar an gClár Gnó agus ar an earnáil Tógála. Baineadh úsáid as an

scanachán freisin chun líon chomh mór le 80,000 tuairisceán feirme a phróiseáil i Suirbhé um Struchtúr Feirme Mheitheamh 2005.

4.3.5 Sonraí a Chraobhscaoileadh go Leictreonach

Sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh leagan nua dá láithreán gréasáin, www.cso.ie, i mí Feabhra 2005. Tá dearadh níos comhaimseartha ar an láithreán nua, tá sé níos so-úsáidte agus comhlíonann sé treoirlínte maidir le hinrochtaineacht láithreán ghréasáin. Leathnaíodh an láithreán gréasáin in 2004 le go mbeadh codanna maidir leis an SNTR, suirbhéanna agus modheolaíocht agus fo-láithreán faoi uachtaránacht an AE, san áireamh. Tá an bunachar sonraí le sonraí a chraobhscaoileadh ar-líne ina chomhchuid shuntasach de, agus d'éirigh leis an Oifig an chomhchuid sin a phíolótú i rith 2004. Is féidir le húsáideoirí táblaí saindeartha a chruthú as measc raon leathan de staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh ach úsáid a bhaint as pacáiste idirghníomhach so-úsáidte *PC-AXIS*. Soláthraítear meiteashonraí gaolmhara freisin.

Tá áis forbartha ag an bPríomh-Oifig Staidrimh freisin (tríd an láithreán gréasáin ag www.cso.ie/px) ionas go mbeidh staitisticí ó eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí níos sorochtana. Fágann an tionscnamh seo go mbeidh aon tairseach amháin ann le staitisticí a bhainistiú agus a chraobhscaoileadh agus go mbainfear an dúshlán teicniúil, le seirbhísí den sórt sin a óstáil, ó na heagraíochtaí atá i gceist. Chuaigh seo chun tairbhe do chórais staitistiúla na hÉireann trí na coigilteas costais agus breisluach a thagann de bharr go mbíonn eagraíochtaí ag baint úsáide as an bhfoireann uirlisí, caighdeáin, aicmiúcháin agus modheolaíochtaí céanna chun a gcuid staitisticí a bhainistiú agus a chraobhscaoileadh. Óstálann an Phríomh-Oifig Staidrimh bunachair shonraí staitistiúla thrí chinn d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus tá an Oifig i mbun cainte le roinnt eagraíochtaí eile le pleananna a fhorbairt chun na modheolaíochtaí a chur chun feidhme. Fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh gradam don tionscadal seo i mí Aibreáin 2007 ag Gradaim 2006 *Eircom Innovation through Technology*.

Lena chois sin, seoladh seirbhís nua dar teideal *Siondacaitiú Fíorshimplí* (SFS) ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh in 2005. Is é feidhm SFS ná ceannlínte agus ábhar nuachta a dháileadh ar an Idirlíon ar bhealach iomlán uathoibrithe. Bealach an-éifeachtach éasca atá ann go bhfanfaidh custaiméirí bord ar bord leis na ceannlínte is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Cuireann sé ar chumas an úsáideora an t-ábhar ar spéis leo a aithint agus roghnú go seachadófar an fhaisnéis is déanaí ar fad ar na topaicí seo chucu go díreach. Seachas cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh le féachaint an bhfuil ábhar nua ann, cuirfidh SFS an t-úsáideoir ar an eolas nuair a chuirtear faisnéis nua ar an láithreán.

4.3.6 Bainistíocht Tionscadal

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis dul le modheolaíocht bhainistíochta tionscadal arna stiúradh de réir gnó le haghaidh gach mórtionscadal. Tá nós imeachta rialachais curtha i bhfeidhm chun punann foriomlán na dtionscadal a bhainistiú agus a chinntiú go dtéitear le modheolaíocht na bainistíochta tionscadal le haghaidh gach mórtionscadal. Leanamar ar aghaidh in 2006 le húsáid na dteicnící bainistíochta tionscadal a leathnú amach chuig gach tionscadal ábhartha dá dtugann an Oifig faoi. Tá tionscadail amhail Céim B den CSTFCCF, *NACE REV. 2* agus SBT san áireamh leis seo chomh maith le raon d'fhorbairtí eile lena n-áirítear CFB agus an scanachán.

4.3.7 Cáilíocht a Dhearbhú agus Iniúcháireacht Inmheánach

Rinneadh athbhreithniú ar an bPríomh-Oifig Staidrimh i mí Eanáir 2007, mar chuid de phróiseas 'athbhreithniú ó phiaráí' a chuimsigh an tAE ar fad, tar éis d'Éirinn dul le Cód Cleachtais Staitisticí na hEorpa le haghaidh staitisticí oifigiúla in 2005. Bhí an mheasúnacht fhoriomlán sármhaith agus chuaigh oibriúchán na Príomh-Oifige Staidrimh, agus go hairithe an t-ardmheas atá ag príomhpháirtithe leasmhara seachtracha ar an Oifig, i bhfeidhm go mór ar fhoireann an athbhreithnithe (a bhí comhdhéanta d'oifigigh ó *Eurostat* agus ó dhá Fhoras Náisiúnta Staitisticí eile).

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis dul le plan aicsin, go háirithe i ndáil le cáipéisíocht a fhorbairt chun tacú le deachleachtais atá ann cheana féin agus chun leathnú a dhéanamh ar na tionscnaimh atá ann cheana féin maidir le cáilíocht a bhainistiú. Beidh teimpléad de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh á fhorbairt ag an Oifig freisin don tuairisceoireacht ar cháilíocht, a bheidh bunaithe ar na prionsabail ó thaobh na Bainistíochta Cáilíochta Iomláine, lena chinntiú go mbeidh táirgí staitistiúla agus seirbhísí faisnéise ardchaighdeán á soláthar go leanúnach.

Tá moill curtha ar an obair le tacar a thiomsú de chaighdeán agus threoirlínte Oifige maidir le cáilíocht, tacar atá á fhorbairt ina thrí chuid, mar gheall ar shrianta ó thaobh soláthair fhoirne agus acmhainní. Táirgeadh an chéad tacar, Feidhmeanna agus Próisis Staitistiúla Bhunúsacha, i mí Eanáir 2006 áfach. Tá an dara tacar, a phléann le hobair neamhstaitistiúil agus le feidhmeanna agus próisis staitistiúla bhreise, á fhorbairt faoi láthair. Déanfaidh na caighdeán agus na treoirlínte seo an bonn le haghaidh iniúcháireachtaí inmheánacha ar cháilíocht agus soláthróidh siad bealach chun meastóireacht a dhéanamh ar na córais oibre san Oifig freisin agus chun cabhrú leis na réimsí tacaíochta staitistiúla agus eagrúcháin.

Chomhaontaigh Coiste Iniúcháireachta na Príomh-Oifige Staidrimh plean ceithre bliana le haghaidh iniúcháireachtaí sonracha i réimsí staitisticí i mí Mhárta 2005 agus táthar ag súil go réachtáilfear iniúcháireacht ghinearálta ar an Oifig in 2007.

Faoi mar a luadh in áiteanna eile, tiomsaíodh cláir de rioscaí corparáideacha agus rannánacha chun rioscaí straitéiseacha, rioscaí ó thaobh clú, rioscaí oibriúcháin agus rioscaí airgeadais, a aithint, agus d'éirigh le hiarrachtaí leis na cláir seo a neadú isteach sa phróiseas pleanála gnó i rith 2005

4.3.8 Seirbhís TF do Chustaiméirí

Reachtáladh suirbhé maidir lena shásta is a bhí custaiméirí inmheánacha na seirbhíse TF roimhe seo i mí na Samhna 2003. Baineadh úsáid as an aiseolas chun leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar na hardchaighdeáin seirbhíse ar a bhfuil ár n-úsáideoirí inmheánacha cleachtaithe le bheith ag súil ón Rannán um Sheirbhísí TF a Sheachadadh. Reachtáladh an suirbhé seo an athuair in 2007.

Bunaíodh Deasc lárnaithe Seirbhísí TF i mí Eanáir 2006 chun pointe teagmhála aonair a sholáthar le haghaidh seirbhísí TF a sheachadadh. Feabhsaíodh feidhm na deisce seirbhíse i mí Eanáir 2007 agus rinneadh é a chomhtháthú go hiomlán le próisis eile TF ionas gur fearr mar a d'fhreastalófaí ar riachtanais agus ar thosaíochtaí na hOifige. Bhí dul chun cinn, ó thaobh na hoibre le Comhaontuithe maidir le Leibhéal Seirbhíse a chur i bhfeidhm leis na réimsí tacaíochta staitisticí agus eagrúcháin den Oifig agus le soláthraithe agus díoltóirí, níos moille ná mar a bhíodhas ag súil; socrófar go mbeidh sé seo ina mhír thosaíochta an athuair in 2007 áfach.

4.3.9 Modhanna agus Forbairtí Staitistiúla

Chaith baill foirne ó réimse na Modhanna agus na bhForbairtí Staitistiúla bunús a gcuid ama leis an Tionscadal CSTFCCF agus leis an gCóras Bainistíochta Sonraí (CBS) nua a tháirgeadh. Táirgeadh staidéar tábhachtach nua maidir le tacar ama a shamhaltú agus reachtáladh ceardlanna maidir le húsáid *MS Excel* chun críocha staitistiúla. Lena gcois seo, caitheadh bunús na n-acmhainní a bhí ar fáil le comhairle maidir le modheolaíocht staitistiúil a sholáthar do roinnt réimsí gnó san Oifig.

Aguisín 1: Monatóir ar Tháscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha (TFBeanna)

Taispeántar sa tábla mionsonraí ar dhul chun cinn a rinne gach réimse tacaíochta staitistiúla agus eagrúcháin maidir leis na TFBeanna ó Ráiteas Straitéise 2004-2006 i gcaitheamh ré na Straitéise.

Dul Chun Cinn a Baineadh Amach

- 3 Baineadh TFB amach roimh an am a socraíodh sa sceideal
- 2 Baineadh TFB amach de réir an am socraíodh sa sceideal
- 1 Baineadh TFB amach níos déanaí ná t-an am a socraíodh sa sceideal
- 0 Níor baineadh TFB amach

2.5 Sprioc 5 – Forbairt chóras staitistiúil na hÉireann a thabhairt chun cinn

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Prótacail a bhunú faoi Iúil 2004 maidir le húsáid taifead riaracháin chun críocha staitistiúla	Iúil 2004	1
Tuarascáil a tháirgeadh maidir le hacmhainneacht staitistiúil taifead eacnamaíochta agus comhshaoil gach roinn rialtais faoi D.F. 2004	D.F. 2004	1
Creataí staitistiúla a fhorbairt le húsáid i staitisticí sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil	Ar siúl go leanúnach	1
Comhairle a thabhairt do ranna rialtais maidir le dearadh agus ábhar a straitéisí i leith sonraí/staitisticí agus treoir a sholáthar maidir le cúrsaí gairmiúla ó thaobh staitisticí	Ar siúl go leanúnach	2
Líonra staitistiúil idir-rannach a bhunú lena nascfaí an Phríomh-Oifig Staidrimh, aonaid staitistiúla na rann agus iad siúd a bhíonn freagrach as straitéisí ó thaobh sonraí/staitisticí na rann	Ar siúl go leanúnach	2
Bunú agus úsáid na n-aicmiúchán caighdeánach (lena n-áirítear cóid tíreolaíochta) a chur chun cinn	Ar siúl go leanúnach	2
Bunú agus úsáid na n-aitheantas caighdeánach pearsanta agus gnó (lena n-áirítear an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) a chur chun cinn i gcomhaid ábhartha sonraí gach roinn Rialtais	Ar siúl go leanúnach	2

3.1.1 Cuntais Náisiúnta

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Cuntais náisiúnta ráithiúla a fhoilsiú faoi cheann trí mhí ó dheireadh gach ráithe	Ar siúl go leanúnach	2
Treoirimhreacha slabhra-nasctha d'imleabhair a thabhairt isteach in 2004	2004	1
Mórcheanglais faoi rialachán ESA95, nár comhlíonadh go fóill (cuntais airgeadais agus cuntais earnála bhliantúla), a chomhlíonadh in 2005	2005	1
Cinntiú go gcuirfear aon fhorchoimeádais ó thaobh an Oll-Ioncaim Náisiúnta i leataobh faoi cheann spriocdháta an AE	-	2
Sraith chomhleanúnach stairiúil a thiomsú faoi dheireadh 2004	2004	1

3.1.2 Comhardú na nÍocaíochtaí agus Staitisticí Gaolmhara

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Leanúint ar aghaidh le bheith ag freastal ar riachtanais úsáideoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chlár ama na trí mhí, ó thaobh torthaí Chomhardú na nÍocaíochtaí a fhoilsiú, a choinneáil ar bun	Ar siúl go leanúnach	2
Spriocdháta foilsiúcháin na naoi mí a choinneáil ar bun le haghaidh torthaí bliantúla i leith na Staide Infheistíochta Idirnáisiúnta a fhoilsiú	Ar siúl go leanúnach	1
An mhodheolaíocht a fheabhsú le haghaidh na meastachán míosúil maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí do BCE	-	2
Staitisticí ráithiúla maidir le Fiachas Seachtrach a thiomsú agus a fhoilsiú faoi cheann spriocdháta na trí mhí, le ceanglais an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, maidir le sonraí a chraobhscaoileadh, a chomhlíonadh	-	2
Sonraí bliantúla faoi stoic a tiomsaíodh don CAI maidir le hinfheistíocht in urrúis iasachta, a thiomsú agus a fhoilsiú ar bhonn náisiúnta faoi cheann dhá mhí dhéag ón tréimhse thagartha	-	2
Anailís níos mionsonraithe a fhoilsiú, ó thaobh na tíreolaíochta agus earnálacha, i leith staitisticí Chomhordú na nÍocaíochtaí agus na Staide Infheistíochta Idirnáisiúnta	-	2
Nósanna imeachta a chur chun feidhme a bhí sonraithe ag BCE maidir le monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht sonraí staitisticí	-	2

3.1.3 Trádáil Sheachtrach

3.1.4 Cuntais Chomhshaoil

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Staitisticí mionsonraithe míosúla ar chúrsaí trádála a fhoilsiú faoi cheann dhá sheachtain déag	-	2
Na treoirimhreacha maidir le praghas (agus líon) a fheabhsú	Ar siúl go leanúnach	1
Cuntais Chomhshaoil bhliantúla (astuithe go haer) a fhoilsiú faoi cheann cúig mhí dhéag	Lúnasa 2004	2

3.2.1 Daonáireamh

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Tástáil Fhíolótach Daonáirimh a reáchtáil i mí Aibreáin 2004 agus ceistneoir 2006 a thabhairt chun críche i rith 2004	2004	2
Obair allamuigh an daonáirimh a chur i gcrích i mí Aibreáin/na Bealtaine 2006	Aib./Beal. 2006	2
Réamhthorthaí chomhaireamh na gceann a fhoilsiú i mí Iúil 2006	Iúil 2006	2
An obair, le sonraí a ghabháil agus a phróiseáil, a chur i gcrích faoi dheireadh 2006	Deireadh-2006	3

Figióir dheifnídeacha faoin daonra a fhoilsiú faoi cheann bliana ón daonáireamh agus an clár leis na sonraí a chraobhscaoileadh a chur i gcrích faoi cheann dhá bhliain	Aib. 2008	3
An teacht a bhíonn ag daoine ar Staitisticí Daonra na gCeantar Beag a fheabhsú agus tíreolaíocht aschuir níos solúbtha a fhorbairt.	Deireadh-2008	2
Réamh-mheastacháin, a tugadh cothrom le dáta, maidir leis an daonra, an fórsa saothair agus tithíocht, a fhoilsiú faoi dheireadh 2004.	Deireadh-2004	2

3.2.2 Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil (SNTR)

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Croí-thorthaí uile an SNTR a sholáthar faoi cheann deich seachtaine ón ráithe tagartha faoi lár 2005	Lár-2005	1
Clár na modúl suirbhé a choinneáil ar bun agus a fhorbairt le fócas ar thorthaí a fhoilsiú faoi cheann sé mhí ón ráithe tagartha	Ar siúl go leanúnach	1
Leanúint ar aghaidh leis an gclár a fhorbairt leis na modúil a chraobhscaoileadh i bhformáidí leictreonacha agus cruachóipe araon ionas go bhfreastalófar ar riachtanais gach úsáideoir	Ar siúl go leanúnach	3

3.2.3 Suirbhé an AE ar Ioncam agus Dhálaí Maireachtála

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Príomhthorthaí shuirbhé EU-SILC 2003 a tháirgeadh sa dara leath de 2004	2004	3
An suirbhé a fhorbairt ar aon dul le ceanglais an AE i gcaitheamh na tréimhse 2004-2006	Ar siúl go leanúnach	2
Comhoibriú go dlúth leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta lena chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais úsáideoirí le hanailísí cuimsitheacha	Ar siúl go leanúnach	3

3.2.4 Suirbhé Buiséid Teaghlaigh (SBT)

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Allamuigh an SBT a chur i gcrích faoin dara leath de 2005	2005	2
Na chéad torthaí a fhoilsiú i lár 2006	Lár-2006	1
An clár, leis na torthaí a chraobhscaoileadh, a chur i gcrích agus micreashonraí, leis na hainmneacha bainte amach, a bheith ar fáil do thaighdeoirí faoin gcéad chuid de 2007	Lár-2007	1
Anailís ar mar a athdháiltear ioncam, bunaithe ar shuirbhéanna 1994/95 agus 1999/2000, a fhoilsiú sa dara leath de 2004	2004	0 (Lena chur i gcrích in 2008)

3.2.5 Staitisticí Beatha

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
MAn oiread leas agus is féidir a bhaint as tairbhí, ó thaobh staitisticí, a thagann de bharr an próiseas clárúcháin shibhialta a bheith á ríomhairiú	Ar siúl go leanúnach	2
An córas ICD-10, le haghaidh cúiseanna báis a chódú, a thabhairt isteach faoi dheireadh 2006	Deireadh-2006	1
Táblaí beatha 2002 a fhoilsiú sa dara leath de 2004	2004	3

3.2.6 Praghsanna Tomhaltóirí agus Mórdhíola

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Athbhunú na Treoirimhreach Praghsanna do Thomhaltóirí a chur i gcrích faoi dheireadh 2006	2006	1
Modheolaíochtaí feabhsaithe a fhorbairt le haghaidh treochtaí ó thaobh praghsanna aschuir sna hearnálacha TF agus déantúsaíochta cógaisíochta	-	2
Sraitheanna praghsanna ionchuir a thabhairt isteach i gcomhair na déantúsaíochta chomh maith le sraitheanna cuí praghsanna i gcomhair seirbhísí	-	0

3.2.7 Staitisticí Sóisialta agus Comhionannais á bhForbairt Tuilleadh

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Treoirlínte a sholáthar sa chéad leath de 2004 le straitéisí sonraí a fhorbairt i ranna rialtais	2004	2
Prótacail a mhionsaothrú agus a chomhaontú lena chinntiú nach bhfágfar go nochtófar mionsonraí pearsanta go neamhdhleathach de thoradh úsáid níos mó a bheith á baint as taifid daoine aonair chun críocha staitistiúla	-	2
Tuarascálacha nua bliantúla a thabhairt isteach in 2005 ina mbeidh raon leathan de tháscairí sóisialta agus comhionannais	2005	2

3.3.1 Staitisticí Gnó a Fhorbairt

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Dul i gcomhairle le soláthraithe sonraí agus le húsáideoirí sonraí, trí Ghrúpaí Idirchaidrimh na Staitisticí Gnó, maidir le riachtanais ó thaobh sonraí agus maidir le suirbhéanna nua a thabhairt isteach	Ar siúl go leanúnach	2
Leanúint ar aghaidh le staitisticí fuinnimh a fhorbairt, trí Ghrúpa Comhordúcháin na Staitisticí Fuinnimh i gcomhar le Fuinneamh Inbhuanaithe Eireann	Ar siúl go leanúnach	2
Na socruithe eagrúcháin a aithint a bheidh ag teastáil chun aschuir nua, a cheanglaítear orainn a sholáthar faoi rialacháin an AE, a sholáthar, bunaithe ar mheascán de shuirbhéanna nua agus fhoinsí sonraí riaracháin	2004	2
Úsáid an chláir ghnó a chur chun feidhme trasna gach suirbhé gnó faoi mhí na Bealtaine 2006	Beal. 2006	1
Ullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh chun dul le haicmiúchán gníomhaíochta NACE 2007 i ngach suirbhé gnó ó Eanáir 2007	Deireadh-2006	1
I gcaitheamh na tréimhse 2004-2006, úsáid an scanacháin leathnú tuilleadh le haghaidh foirmeacha páipéir i dtromlach na suirbhéanna gnó	Ar siúl go leanúnach	2
An deis a sholáthar d'fhreagróirí lena dtuairisceáin a chur isteach go leictreonach i ngach suirbhé oiriúnach gnó	Ar siúl go leanúnach	2

3.3.2 Seirbhísí, Tionscal agus Foirgníocht

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Suirbhé bliantúil maidir leis an Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide a chur chun feidhme agus staitisticí maidir le Sochaí Fhaisnéise na hEireann a fhoilsiú faoi Shamhain gach bliain	Ar siúl go leanúnach	2
An clúdach a dhéantar ar na staitisticí struchtúracha bliantúla gnó a leathnú ar bhonn piolótach faoi 2006 go n-áireofar níos mó sonraí ar sheirbhísí neamh-mhargaidh (sláinte, oideachas agus riarachán poiblí)	2006	0
Na mionsonraí a thaifeadtar go bliantúil, maidir le láimhdeachas de réir táirge, éileamh ar sheirbhísí, chaidrimh idir fiontair agus comhchleamhnaithe eachtracha, a leathnú faoi 2006	2006	2
Leanúint ar aghaidh le comhráite le hÚdarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hEireann faoi staitisticí a fhorbairt maidir le hinstiitúidí creidmheasa agus áireachais	Ar siúl go leanúnach	2

Suirbhé nua ar chistí pinsin a bhunú, i gcomhairle leis an mBord Pinsean, roimh 2006	2005	0 (Suirbhé le tabhairt isteach in 2009)
An sásra is fearr a dhéanamh amach i gcomhar le Forfás chun staitisticí an AE a tháirgeadh maidir leis an eolaíocht agus an nuáil	Ar siúl go leanúnach	2
Eisiúint mhíosúil nua ar an Taisteal Thar Lear a fhoilsiú ó thús 2004	2004	2
Eisiúint ráithiúil ar an Turasóireacht agus ar an Taisteal a fhoilsiú faoi cheann trí mhí	Ar siúl go leanúnach	2
Níos mó mionsonraí a thiomsú ó na suirbhéanna um imeallchríocha turasóireachta, chun níos mó miondeáluithe ar an soláthar agus éileamh turasóireachta ó 2005 a sholáthar	2004	1
Torthaí an tSuirbhé ar Thaisteal Teaghlaigh a fhoilsiú faoi cheann trí mhí de gach ráithe	Ar siúl go leanúnach	1
Comhthionscadal a chur i gcrích le gníomhaireachtaí eile, faoi choimirce Chomhairle na Breataine-na hÉireann, chun dréacht-Chuntais Satailíte maidir leis an Turasóireacht a thiomsú faoi dheireadh 2004	Deireadh-2004	2
Dréacht-mhodheolaíocht a ullmhú le haghaidh suirbhé ar úsáid an ghluaisteáin, agus an Oifig ag comhoibriú le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann	Ar siúl go leanúnach	0
An treoirimhir athbhunaithe mhíosúil ar an táirgeacht tionscail (bonnbhlain 2000=100) a fhoilsiú faoi mhí Iúil 2004	Iúil 2004	2
An tacar nua ar orduithe tionscail a thabhairt isteach faoi mhí Iúil 2004	Iúil 2004	2
Tráthúlacht na heisiúna mionsonraithe míosúla ar staitisticí tionscail a fheabhsú, tríd an eisiúint a fhoilsiú faoi cheann 6 seachtaine ón mí tagartha, ó mhí Mheán Fómhair 2004.	M.F. 2004	2
Tosú ar threoirimhreacha ráithiúla, d'aschur agus orduithe nua san earnáil tógála agus foirgníochta, a fhoilsiú roimh dheireadh 2004	Deireadh-2004	1

3.3.3 Tuilleamh agus Costais Fhostaíochta

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Suirbhéanna ráithiúla, a chuimseoidh an eacnamaíocht ar fad, a thabhairt isteach maidir le tuilleamh agus costais fhostaíochta, ag tosú in 2004 leis na hearnálacha dáileacháin agus airgeadais	2004	1
Suirbhé ar Chostais Saothair a réachtáil i leith 2004 agus torthaí a fhoilsiú faoi Márta 2006	Márta 2006	1
Faisnéis bhliantúil ar chostais saothair ón suirbhé ráithiúil, a chuimsíonn an eacnamaíocht ar fad, a ríomh ó 2006 ar aghaidh, le cur in ionad an tSuirbhé ar Chostais Saothair	2006	1
An Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta a réachtáil an athuair in 2005 (bliain tagartha ná 2004) agus torthaí a fhoilsiú faoi mhí na Bealtaine 2006	Beal. 2006	2
An Suirbhé ar Ghairmoiliúint Leanúnach a thabhairt isteach in 2006	2006	2
An bealach a aithint lena féidir staitisticí fostaíochta, a cheanglaítear orainn a sholáthar de réir Chinneadh an AE um Staitisticí Nuála, a bhailiú i gceat suirbhéanna atá ann cheana féin	Ar siúl go leanúnach	1

3.3.4 Staitisticí Talmhaíochta

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Suirbhéanna mórsála an Mheithimh agus na Nollag a réachtáil gach bliain	Ar siúl go leanúnach	2
Foilseachán náisiúnta faoin Suirbhé um Struchtúr Feirme a thabhairt isteach i leith thorthaí 2003	-	2
Suirbhé um Struchtúr Feirme a réachtáil i mí Mheitheamh 2005 agus torthaí a tharchur chuig Eurostat faoi cheann 11 mhí ón tráth a bailíodh sonraí	2006	3
An scanachán a thabhairt isteach le sonraí a ghabhail as suirbhéanna mórsála an Mheithimh agus na Nollag ó dheireadh 2004	Deireadh-2004	3
Treoirimhreacha praghasanna talmhaíochta a athbhunú chuig bonn 2000 faoi Aibreán 2004	Aib. 2004	2

Na cuntais talmhaíochta a athbhunú chuig bonn 2000 faoi Bhealtaine 2004	Beal. 2004	1
Torthaí ar ioncaim na dteaghlach talmhaíochta a fhoilsiú faoi Iúil 2004 bunaithe ar Shuirbhéanna Buiséid Teaghlaigh 1994/1995 agus 1999/2000	Iúil 2004	0
Acmhainneacht staitistiúil na dtaifead riaracháin san earnáil talmhaíochta a mheas agus moltaí a dhéanamh maidir le hobair amach anseo faoi Dheireadh Fómhair 2004	D.F. 2004	1
I gcomhairle le ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha, córas staitisticí forbartha tuaithe a fhorbairt, lena n-aithnítear riachtanais úsáideoirí agus nithe a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí sonraí	Ar siúl go leanúnach	0

4.1.1 Seirbhís do Chustaiméirí

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Leanúint ar aghaidh le bheith ag cloí leis na caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí a aithníodh i bPleananna na Príomh-Oifige Staidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí	Ar siúl go leanúnach	2
Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí a fhoilsiú in 2004	2004	2
Ár bPlean um Sheirbhís do Chustaiméirí a thabhairt cothrom le dáta in 2004	2004	2
Feidhmíocht i gcoinne na gcaighdeán seo a mheas agus dul chun cinn a thuairisciú in ár dTuarascálacha Bliantúla	Ar siúl go leanúnach	2
Monatóireacht a dhéanamh ar ghealltanais i leith seirbhíse do chustaiméirí inmheánacha	Ar siúl go leanúnach	2
Ó thaobh Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, ár scéim le haghaidh seirbhís dátheangach a sholáthar, a fhoilsiú in 2004 agus í a chur chun feidhme i gcaitheamh ré na straitéise seo	2005	1
Leanúint ar aghaidh le bheith ag déanamh athbhreithnithe ar ábhar agus leagan amach ár bhfoilseachán	Ar siúl go leanúnach	2
Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar mar a bhaintear feabhsuithe amach ó thaobh na tráthúlachta, an raoin agus na tréimhsíúlachta, nithe a aithníodh in ár dtáblaí 'monatóir tráthúlachta'	Ar siúl go leanúnach	2
Athnuachan a dhéanamh ar obair na Meithle um Sheirbhís do Chustaiméirí laistigh de Choiste Comhpháirtíochta na Príomh-Oifige Staidrimh	-	2

4.1.2 Faisnéis Bhainistíochta

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Leanúint ar aghaidh lenár dtuarascálacha airgeadais a sholáthar agus a fhorbairt tuilleadh	Ar siúl go leanúnach	2
Córas breisithe bainistíochta airgeadais a shuiteáil, lena ngabhfaidh cumas cuntasalochta de réir airgid thirim agus na bhfabhrúithe, faoi Mheán Fómhair 2004	M.F. 2004	2
Faisnéis airgeadais de réir chuntasaíocht na bhfabhrúithe a ullmhú ó 2005 ar aghaidh mar chuid den obair leis an gcreat faisnéise bainistíochta a chur chun feidhme	2005/2006	2
Athbhreithnithe ó thaobh caiteachais a dhéanamh le haghaidh staitisticí déimeagracha in 2004 agus staitisticí gnó in 2005	2005	1
An obair, le moltaí na Meithle ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na gCeann Oifige a chur chun feidhme, a chur i gcrích faoi dheireadh 2004	Deireadh-2004	2

4.1.3 Timpeallacht Oibre na Príomh-Oifige Staidrimh

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Leanúint ar aghaidh le agus cur leis an straitéis bhainistíochta sábháilteachta atá againn cheana féin	Ar siúl go leanúnach	2
An bealach a chomhlíontar ár Ráitis Sábháilteachta, a bhainistiú agus tacú le riachtanais na nIonadaithe Sábháilteachta agus bhaill an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa	Ar siúl go leanúnach	2
Na Ráitis Sábháilteachta agus an mheasúnacht ar rioscaí a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá agus athbhreithniú a dhéanamh orthu go débhlíantúil.	Ar siúl go leanúnach	2
Leanúint ar aghaidh lenár gcóiríocht agus ár mbonneagar eile a chothabháil agus a athfheistiú ar bhonn timthriallach agus ceanglais ó thaobh buiséid agus ceanglais eile á gcur san áireamh	Ar siúl go leanúnach	2

4.2.1 Feidhmíocht a Bhainistiú agus an Fhoireann a Fhorbairt

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Aiseolas Aníos CBFF a chur chun feidhme in 2005	2005	2
Gach ball foirne le Foirmeacha um Phróifíl Róil de chuid an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chomhlánú de réir an sceidil	Ar siúl go leanúnach	1
An targaí, ó thaobh ceathair faoin gcéad den phárolla a chaitheamh ar oiliúint agus forbairt na foirne, a bhaint amach diadha ar dhiaidh	Ar siúl go leanúnach	1
Clár oiliúna a chur chun feidhme chun scileanna staitistiúla agus TF a fheabhsú	Ar siúl go leanúnach	1

4.2.2 Nuachóiriú agus Athruithe sa Phríomh-Oifig Staidrimh

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Idirbheartaíocht a dhéanamh le ceardchumainn i dtreo arduithe céime a bheidh go hiomlán iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas	Ar siúl go leanúnach	2
An Phríomh-Oifig Staidrimh a chur sa riocht is go mbeidh sí in ann leas a bhaint as na deiseanna maidir le hearcaíocht dhíreach a sholáthraítear leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin)	Ar siúl go leanúnach	2
Forálacha Ag Coinneáil an Dul chun Cinn agus comhaontuithe eile a chur chun feidhme	Ar siúl go leanúnach	2
Idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le saincheisteanna faoi athruithe agus an nua-chóiriú sa Phríomh-Oifig Staidrimh agus na saincheisteanna sin a chur chun feidhme	Ar siúl go leanúnach	2

4.2.3 Straitéis agus Polasaithe um AD a Chur Chun Feidhme

4.2.4 Comhpháirtíocht

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Polasaithe um Acmhainní Daonna a chur chun feidhme agus a thabhairt cothrom le dáta i rith 2004 – 2006	Ar siúl go leanúnach	1
Clár oibre na comhpháirtíochta a leathnú ionas go ndéanfar saincheisteanna tábhachtacha straitéiseacha agus oibriúcháin a bhreithniú	Ar siúl go leanúnach	2
An coiste agus na fochoistí a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí	Ar siúl go leanúnach	2
An chomhpháirtíocht a chomhtháthú san oifig ar bhealach níos éifeachtaí le sásraí eile le cinntí a dhéanamh	Ar siúl go leanúnach	2

4.3.1 An Clár Straitéiseach um Teicneolaíocht Faisnéise a Chur Chun Feidhme

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Gach suirbhé staitistiúil le bheith á bhfeidhmiú sa Chóras Bainistíochta Sonraí (CBS) faoi Mhárta 2006	Márta 2006	1
Oiliúint le cur ar úsáideoirí gnó maidir le húsáid a bhaint as an gCBS	Ar siúl go leanúnach	2
Struchtúr nua eagrúcháin a chur i bhfeidhm chun an CBS a choinneáil ar bun	Ar siúl go leanúnach	2
Na ríomhairí VAX a dhúnadh faoi mhí Mheitheamh 2006	Meitheamh 2006	0 (Curtha siar go dtí Márta 2008)
Córais oidhreachta a choinneáil ar bun go dtí go ndúnfar an mór-ríomhaire	Ar siúl go leanúnach	3

4.3.2 Clár Gnó

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Tríd an gClár Straitéiseach um Teicneolaíocht Faisnéise a Chur Chun Feidhme, cur chuige córasach a thabhairt isteach i leith a bheith ag sampláil ón gclár gnó, chun an t-ualach tuairisceoireachta ar ghnóna a optamú, faoi 2006	2006	1
An obair, le hábhair an chlár ghnó a ailíniú ar bhonn céimnithe le sonraí ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, a chur i gcrích faoi 2008	2008	1
Gníomhaíocht gach aonad staitistiúil a aicmiú ar an gClár Gnó de réir NACE 2007 faoi Nollaig 2006	2006	0 (Curtha siar go dtí Eanáir 2008)

4.3.3 Aicmiúcháin

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Cur le hobair thionscadal Acmhainneacht Staitistiúil na dTaifead Riaracháin agus le tionscadail cosúil leo amach anseo chun na haicmiúcháin choitianta bhuntábhachtacha a úsáideann ranna agus gníomhaireachtaí rialtais a chaighdeánú	Ar siúl go leanúnach	2
Méadú suntasach a dhéanamh ar líon na n-aicmiúchán caighdeánach a mbaintear úsáid astu sa Phríomh-Oifig Staidrimh	Ar siúl go leanúnach	1
Tionscadal a fhorbairt, a chuimseoidh an oifig ar fad, chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh NACE 2007 a chur chun feidhme	Ar siúl go leanúnach	2

4.3.4 Sonraí a Ghabháil go Leictreonach

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Leathnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ceistneoirí ar-líne i ngach suirbhé oiriúnach gnó	Ar siúl go leanúnach	2
Modhanna a chur chun feidhme le sonraí a bhaint amach go huathoibríoch as córais airgeadais agus/nó bhainistíochta faisnéise ag cuideachtaí	Ar siúl go leanúnach	1
Iniúchadh a dhéanamh faoi dheireadh 2004 ar a indéanta is a bheadh sé úsáid a bhaint as an Agallóireacht Ríomh-Chuidithe Teileafóin i gcomhair an SNTR	Deireadh-2004	2
Gealltanais na Príomh-Oifige Staidrimh i bPlean Aicsin an Rialtais maidir le Sochaí na Faisnéise – Naisc Nua, a chomhlíonadh	Ar siúl go leanúnach	2
Cur chun feidhme an scanacháin, le haghaidh sonraí suirbhéanna a bhailítear ar pháipéar, a leathnú	Ar siúl go leanúnach	3

4.3.5 Sonraí a Chraobhscaoileadh go Leictreonach

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Leathnú a dhéanamh ar líon na faisnéise staitistiúla agus ar raon na seirbhísí a bhíonn ar fáil ar an láithreán gréasáin	Ar siúl go leanúnach	2
Bealach idirghníomhach, le teacht ar bhunachar cuimsitheach de thorthaí ar-líne, a sholáthar faoi 2006	2006	3
Seirbhís Scarbhileog Databank agus Eirestat a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta	Ar siúl go leanúnach	2
Láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh a athdhearadh le líon méadaithe d'ábhar i nGaeilge faoi dheireadh 2004	Deireadh-2004	1

4.3.6 Bainistíocht Tionscadal

4.3.7 Cáilíocht a Dhearbhu agus Iniúcháireacht Innheánach

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
An úsáid a bhaintear as modheolaíochtaí, le tionscadail a bhainistiú, a leathnú amach chuig gach tionscadal ábhartha	-	2
Cuid II de Chaighdeán agus Threoirlínte na hOifige, Feidhmeanna agus Próisis Neamhstaitistiúla, a ullmhú faoi Márta 2005	Márta 2005	0
Cuid III de Chaighdeán agus Threoirlínte na hOifige, Feidhmeanna agus Próisis Neamhstaitistiúla Eile, a ullmhú faoi Nollaig 2005	Nollaig 2005	0
Iniúcháireacht ghinearálta a dhéanamh ar an Oifig, ó thaobh na cáilíochta de, faoi dheireadh 2004	Deireadh-2004	1
Plean ceithre bliana a chur le chéile faoi Mheán Fómhair 2004 le haghaidh iniúcháireachtaí sonracha i réimsí staitistiúla	M.F. 2004	2
Clár na rioscaí corparáideacha a fhorbairt faoi Dheireadh Fómhair 2004 agus an bhainistíocht rioscaí a neadú isteach i bpróisis phleanála gnó i rith 2005.	-	1

4.3.8 Seirbhís TF do Chustaiméirí

Gníomhartha na dTFBeanna	Spriocdháta	Dul chun cinn
Suirbhéanna rialta a réachtáil maidir lena shásta is a bhí custaiméirí	Ar siúl go leanúnach	2
Comhaontuithe maidir le Leibhéal Seirbhíse a chur i bhfeidhm	Ar siúl go leanúnach	0
Deasc Cabhrach lárnaíthe a bhunú faoi 2005 le haghaidh TF	2005	1

Acmhainní Foirne

Faoi mar a bhí cúrsaí ag 1 Eanáir 2007, bhí 877 ball foirne lánaimseartha (nó a gcómhacasamhla) sa POS. Áirítear sa líon sin baill foirne allamuigh le haghaidh Aonad Bailiúcháin an tSuirbhé Teaghlaigh, ach níl baill shealadacha den fhoireann allamuigh san áireamh.

	Bainisteoirí Sinsearacha	Bainisteoirí Lárleibhéil	Bainisteoirí Sóisearacha	Oibrithe Cléireachais/ Eile	Iomlán
Stiúrthóireacht	4	-	-	-	4
Staitisticí Maicrea-eacnamaíochta	7	39	30	22	98
Staitisticí Déimeagrafacha & Sóisialta	9	56	58	253	376
Staitisticí Gnó	5	38	29	120	192
AD, Riarachán & Airgeadas	2	18	19	54	93
Faisnéisíocht & Modheolaíocht	4	37	51	22	114
Iomlán	31	188	187	471	877

NÓTAÍ: (1) Chun críocha an tábla seo, cuimsíonn Bainisteoirí Sinsearacha leibhéal na bPríomhoifigeach aníos; cuimsíonn Bainisteoirí Lárleibhéil leibhéal na nArdoifigeach Feidhmiúcháin, na bPríomhoifigeach Cúnta agus na Staitisticí; agus cuimsíonn Bainisteoirí Sóisearacha Oifigigh Fheidhmiúcháin agus Oifigigh Fhoirne.

(2) Léiríonn na figiúirí líon na gcómhacasamhlacha lánaimseartha, arna dtabhairt anuas nó aníos chuig an aonad iomlán is gaire; a gus athraíonn siad ó am go chéile

Socruithe maidir le hObair a Roinnt

Faoi láthair, tá 153 ball foirne ag glacadh páirte sa scéim le hObair a Roinnt san Oifig – 27 díobh a chuaigh isteach sa scéim in 2006. Tá mionsonraí maidir le cineál na socruithe freastail agus an líon daoine atá i gceist mar seo a leanas:

Cineál an tsocraithe freastail	Líon daoine i gceist
Seachtain ceithre lá	30
Seachtain dheighilte	9
Maidineacha amháin	38
Seachtain trí lá	36
Seachtain dhá lá/trí lá	10
Seachtain ag obair/seachtain ar saoire	2
Eile	28
Iomlán	153

Comhionannas Inscne

Ceann d’aidhmeanna pholasaithe comhionannais na státseirbhíse ná a chinntiú go mbeidh ionadaíocht níos cothromaithe ann ó thaobh inscne ag leibhéal na mbainisteoirí lárleibhéil/sinsearach. Mar a bhí cúrsaí ag deireadh mhí Eanáir 2007, is mar seo a leanas a miondealaíodh líon na mball foirne de réir inscne ag leibhéal na n-Ardoifigeach Feidhmiúcháin aníos sa Phríomh-Oifig Staidrimh:

	Fireann	Baineann	Iomlán	% Baineann
Bainisteoirí Sinsearach	26	3	29	10
Príomhoifigeach Cúnta/Staistiteoir	71	45	116	39
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	43	40	83	48
Iomlán	140	88	228	39

Nóta: Déantar Roinnteoirí Oibre a chomhaireamh ina n-uimhreacha iomlána.

Acmhainní Airgeadais

Ba é ollchaiteachas na Príomh-Oifige Staidrimh le haghaidh 2006 ná €76,502,000. Miondealaítear caiteachas 2006 agus na suimeanna a leithdháileadh le haghaidh 2007 de réir catagóirí mar seo a leanas:

Meastacháin Athbhreithnithe, Suimeanna a Leithdháileadh le haghaidh 2007 agus Toradh le haghaidh 2006

2005	Suimeanna a Leithdháileadh le haghaidh 2007			Toradh 2006		
	Reatha €000	Caipiteal €000	Iomlán €000	Reatha €000	Caipiteal €000	Iomlán €000
A1 Turastail, Pánna agus Liúntais	38,549	-	38,549	35,315	-	35,315
A2 Taisteal agus Cothú	1,529	-	1,529	1,275	-	1,275
A3 Fochostais	1,344	-	1,344	2,691	-	2,691
A4 Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáidí	1,734	-	1,734	1,280	-	1,280
A5 Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	8,250	-	8,250	6,726	1,378	8,104
A6 Speansais maidir le hÁitribh Oifige	1,642	-	1,642	1,974	152	2,126
A7 Seirbhísí Sainchomhairliúcháin	249	-	249	215	-	215
A8 Staitisticí a Bhailiú	2,256	-	2,256	25,496	-	25,496
A9 Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe ar Pholasaithe	42	-	42	-	-	-
Ollchaiteachas	55,595	-	55,595	74,972	1,530	76,502
A10 Leithghabhálacha-i-gCabhair	695	-	695	1,560	-	1,560
Glanchaiteachas	54,900	-	54,900	73,412	1,530	74,942
<i>Pá agus pinsin an Stáitchiste arna gcur san áireamh sa ghlaníomlán</i>			38,591			35,315
<i>Fostaithe agus pinsinéirí gaolmhara na Seirbhíse Poiblí¹</i>			840			904
Meastar an caiteachas iomlán i dtaca leis an tseirbhís seo mar seo a leanas:						
Olltoradh sealadach agus meastachán thuas	55,595	-	55,595	74,972	1,530	76,502

Suimeanna measta arna gcur san áireamh sna Vótaí seo a leanas i dtaca leis an tseirbhís seo:

Vóta

7 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	2,305	-	2,305	2,184	-	2,184
9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	2,709	-	2,709	2,532	-	2,532
10 Oifig na nOibreacha Poiblí	317	-	317	1,348	604	1,952
Ollchaiteachas	60,926	-	60,926	81,036	2,134	83,170
Is mar seo a leanas a mheastar na hadmhálacha i dtaca leis an tSeirbhís seo:						
Leithghabhálacha-i-gCabhair thuas	695	-	695	1,560	-	1,560
Measchósa ar mhaoine i seilbh an Stáit	2,443	-	2,443	2,327	-	2,327

¹ Tá baill foirne allamuigh in Aonad Bailiúcháin an tSuirbhé Teaghlaigh, a athaicmíodh go dtí stádas oibrithe buana sa Státseirbhís ó 1 Aibreán 2003, san áireamh san fhigiúr seo.

Aguisín 4: Íocaíochtaí Prasa Cuntas

Tá sé ina pholasaí ag an bPríomh-Oifig Staidrimh gach sonrasc a shocrú go pras le haird chuí ar théarmaí conarthaí, sa chás gur infheidhme sin, ar dhea-chleachtais bhainistíochta airgeadais agus airgid thirim agus ar fhorálacha an Achta um Íocaíochtaí Prasa, 1997, faoi mar atá leasaithe le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Tá staitisticí le haghaidh 2006 tugtha thíos.

Cur Síos air	Suim
Luach iomlán na n-íocaíochtaí ar fad	€14,409,409
Líon íocaíochtaí déanacha os cionn €317 (luach an tsonraisc)	15
Luach iomlán íocaíochtaí déanacha os cionn €317 (luach an tsonraisc)	€148,479.76
Luach iomlán íocaíochtaí déanacha (lena n-áirítear iad siúd faoi bhun €317)	€148,480
Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha mar % d'iomlán na n-íocaíochtaí	1.03%
Suim úis arna híoc ar na híocaíochtaí déanacha ar fad	€291.06
Suim úis mar % d'iomlán na n-íocaíochtaí	0.002%
Léargas achomair ar fhad na moilleanna (sonraisc os cionn €317)	Ba é an mheánmhoill ná 18 lá

Aguisín 5: Cláir Ghnó Áitiúla (CGÁeanna) le haghaidh 2007

Rannán	Liosta CGÁeanna
Acmhainní Daonna	<ul style="list-style-type: none"> Acmhainní Daonna Tacaíocht Chorporáideach Oiliúint & Tionscadail Speisialta Pearsanra
An Choireacht agus Ceartas Coiriúil	<ul style="list-style-type: none"> An Choireacht agus Ceartas Coiriúil
Comhardú na nÍocaíochtaí & Earnáil Airgeadais Anailís ar Chomhardú na nÍocaíochtaí & a Chraobhscaoileadh	<ul style="list-style-type: none"> Anailís ar Chomhardú na nÍocaíochtaí & a Chraobhscaoileadh Comhardú na nÍocaíochtaí & Earnáil Airgeadais
Comhordú r-Rialtais agus Gnó	<ul style="list-style-type: none"> r-Rialtas Aicmiúcháin & Caighdeáin Clár Gnó Bunachair Shonraí a Chraobhscaoileadh
Córais Chorporáideacha	<ul style="list-style-type: none"> Córais Chorporáideacha
Cuntais Náisiúnta – Caiteachas	<ul style="list-style-type: none"> Cuntais Réigiúnacha agus CBL Tomhaltas Pearsanta agus Foirmiú Caipitil
Cuntais Náisiúnta – Comhtháthú	<ul style="list-style-type: none"> Réimse maidir le Comhsheasmhacht na gCuntas Náisiúnta Cur Chuige i leith na Táirgeachta Líon na nAschur Cuntais Earnálacha
Cuntais Náisiúnta – Ioncam	<ul style="list-style-type: none"> Cúiteamh d'Fhostaithe Barrachas Oibriúcháin Cuntais Airgeadais
Cuntais Náisiúnta – Rialtas	<ul style="list-style-type: none"> Cuntais Rialtais
MFS, Cáilíocht a Dhearbhu /Iniúcháireacht agus CSTFCCF	<ul style="list-style-type: none"> Modhanna Staitistiúla Cáilíocht a Dhearbhu /Iniúcháireacht CSTFCCF
Riarachán & Airgeadas	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhísí Oifige/Clárlann Airgeadas Faisnéis, Leabharlann, Láithreán Gréasáin, Clóchuradóireacht agus Priontáil

Seirbhísí	<ul style="list-style-type: none"> • Riarachán (Baile Átha Cliath) • Seirbhísí Bliantúla • Díolacháin Mhiondíola • Iompar • Turasóireacht
Seirbhís TF a Sheachadadh	<ul style="list-style-type: none"> • Seirbhís TF a Sheachadadh
Sonraí a Nascadh & a Chomhtháthú	<ul style="list-style-type: none"> • Sonraí a Nascadh & a Chomhtháthú
Staitisticí Déimeagrafacha	<ul style="list-style-type: none"> • CGR/PGÁ comhtháite foriomlán le haghaidh Déimeagrafaíochta
Staitisticí Gnó a Chomhtháthú	<ul style="list-style-type: none"> • Staitisticí Gnó a Chomhtháthú
Staitisticí faoi Margadh Saothair, faoi Chuimsiú Sóisialta agus Staitisticí Beatha	<ul style="list-style-type: none"> • Staitisticí Beatha • Margadh Saothair & Cuimsiú Sóisialta
Staitisticí Sóisialta a Chomhtháthú	<ul style="list-style-type: none"> • Staitisticí Sóisialta a Chomhtháthú • Sonraí Riaracháin
Suirbhéanna ar Phraghasanna & ar Theaghlaigh	<ul style="list-style-type: none"> • TPT/TPCT • Praghasanna Mórdhíola/Paireachtaí maidir le Cumhacht Ceannaigh • Suirbhé Buiséid Teaghlaigh • EU-SILC
Talmhaíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Sonraí na Suirbhéanna Feirme a Bhailiú • Suirbhéanna Feirme a Phróiseáil • Praghasanna Talmhaíochta • Cuntais Talmhaíochta • Táirgeacht Talmhaíochta
Tionscal agus Tógáil	<ul style="list-style-type: none"> • Staitisticí Tionscail – Aonad Bailiúcháin Sonraí • Staitisticí Tionscail – Torthaí, Anailís, Foilsiú • Tógáil
Trádáil Sheachtrach & Comhshaol	<ul style="list-style-type: none"> • Trádáil Sheachtrach • Comhshaol
Tuilleamh & Costais Fostaíochta	<ul style="list-style-type: none"> • Suirbhé Fostaíochta Náisiúnta • Tuilleamh, Fostaíocht Ráithiúil • Stoic, Infheistíochtaí agus Tuilleamh Seirbhísí

Aguisín 6: Gluais

Téarma	As Béarla	Míniú
–	<i>COP</i>	an Daonáireamh
–	<i>SP</i>	Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, 2003-2005 (an creat maidir le forbairt náisiúnta a comhaontaíodh go náisiúnta)
<i>AD</i>	<i>HR</i>	Acmhainní Daonna
<i>APRC</i>	<i>CAPI</i>	Agallóireacht Phearsanta Ríomh-Chuidithe
<i>ARC</i>	<i>OCR</i>	Aithint Roghnach na gCarachtar
<i>ARCT</i>	<i>CATI</i>	Agallóireacht Ríomh-Chuidithe Teileafóin
<i>ASTR</i>	<i>SPAR</i>	Acmhainneacht Staitistiúil na dTaifead Riaracháin
<i>ÁTT</i>	<i>CIP</i>	Áireamh na Táirgeachta Tionscail
<i>BCE</i>	<i>ECB</i>	Banc Ceannais na hEorpa
<i>BNS</i>	<i>NSB</i>	An Bord Náisiúnta Staidrimh
<i>CACG</i>	<i>CARS</i>	Córas Aicmiúchán agus Caighdeán Gaolmhar
<i>CAI</i>	<i>IMF</i>	An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
<i>CBFF</i>	<i>PMDS</i>	An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Is tionscnamh é seo a tugadh isteach faoin TBS lenar cruthaíodh creat a nascann na spriocanna agus na cuspóirí arna leagan amach i Ráiteas Straitéise gach Roinn/Oifig agus cion na mball foirne aonair. Tá an creat seo deartha chun éascú le feidhmíocht oibre gach ball foirne aonair a bhainistiú chomh maith lena riachtanais ghairme agus fhorbartha.
<i>CBS</i>	<i>DMS</i>	Córas Bainistíochta Sonraí in CSTFCCF

Téarma	As Béarla	Míniú
<i>CFB</i>	<i>MIF</i>	Creat Faisnéise Bainistíochta
<i>CGR</i>	<i>DAP</i>	Clár Gníomhaíochta Rannánach a chomhaontaítear ar bhonn bliantúil chun Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh a chur chun feidhme
<i>CÍ</i>	<i>BOP</i>	Comhardú na nÍocaíochtaí
<i>CSTFCCF</i>	<i>ITSIP</i>	Clár Straitéiseach um Teicneolaíocht Faisnéise a Chur Chun Feidhme
<i>CT</i>	<i>CAP</i>	Comhbheartas Talmhaíochta
<i>ESA</i>	<i>ESA</i>	Córas Cuntas Náisiúnta na hEorpa
<i>EU-SILC</i>	<i>EU-SILC</i>	Suirbhé an AE ar Ioncam agus Dhálaí Maireachtála
<i>Eurostat</i>	<i>Eurostat</i>	Oifig Staitistiúil an AE (seirbhís staitistiúil Choimisiún na hEorpa)
<i>GSSSC</i>	<i>SGSES</i>	Grúpa Stiúrtha maidir le Staitisticí Sóisialta agus Comhionannais
<i>ICD</i>	<i>ICD</i>	Aicmiúchán Idirnáisiúnta Galar
<i>IFSRA</i>	<i>IFSRA</i>	Údarás Rialúcháin Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
<i>ITES</i>	<i>ESRI</i>	An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
<i>MFS</i>	<i>SMD</i>	An Rannán den Phríomh-Oifig Staidrimh um Mhodhanna Staitistiúla agus Fhorbairtí
<i>NACE</i>	<i>NACE</i>	Nomenclature statistique des Activités économiques dans la Communauté Européenne. Aicmiúchán an AE um ghníomhaíochtaí eacnamaíochta.
<i>OIN</i>	<i>GNI</i>	Ollioncam Náisiúnta
<i>PGÁ</i>	<i>LBP</i>	Plean Gnó Áitiúil chun an Ráiteas Straitéise a chur chun feidhme.
<i>POC</i>	<i>GRO</i>	Príomh-Oifig Chlárúcháin

Téarma	As Béarla	Míniú
<i>PRODCOM</i>	<i>PRODCOM</i>	Aicmiúchán comhchuibhithe a chuimsíonn an AE ar fud i leith táirgí arna dtáirgeadh ag an earnáil tionscail (nasctha go díreach leis an aicmiúchán tráchtearraí trádála seachtraí) arna sonrú i Rialachán Uimh. 3924/91 ón gComhairle.
<i>REACH</i>	<i>REACH</i>	Tionscnamh is ea REACH a tugadh isteach faoin TBS lena ndírítear ar cháilíocht na seirbhíse d'úsáideoirí na Seirbhíse Poiblí, idir úsáideoirí pearsanta agus ón saol gnó, a fheabhsú go radacach.
<i>SBT</i>	<i>HBS</i>	Suirbhé Buiséid Teaghlaigh
<i>SDCB</i>	<i>SAPS</i>	Staitisticí Daonra na gCeantar Beag (ón Daonáireamh)
<i>SFN</i>	<i>NES</i>	An Suirbhé Fostaíochta Náisiúnta
<i>SNTR</i>	<i>QNHS</i>	Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil
<i>SSF</i>	<i>FSS</i>	Suirbhé um Struchtúir Fheirme
<i>STCE</i>	<i>FATS</i>	Staitisticí Trádála Cleamhnaithe Eachtracha
<i>TBS</i>	<i>SMI</i>	Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí i seirbhís phoiblí na hÉireann
<i>TF</i>	<i>IT</i>	Teicneolaíocht Faisnéise
<i>TFB</i>	<i>KPI</i>	Táscaire Feidhmíochta Buntábhachtach
<i>TFC</i>	<i>ICT</i>	Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide
<i>TPM</i>	<i>WPI</i>	Treoiruimhir Phraghsanna Mórdhíola
<i>TPT</i>	<i>CPI</i>	Treoiruimhir Phraghsanna do Thomhaltóirí
<i>ÚRSAÉ</i>	<i>IFSRA</i>	Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
<i>UPSP</i>	<i>PPSN</i>	Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí
<i>XBRL</i>	<i>XBRL</i>	Teanga Tuairisceoireachta Gnó Infhairsingithe

